An Roinn Gnóthaí Eachtracha

Ráiteas Straitéise 2005 – 2007

CLÁR

Leathanach

- **Réamhfhocal leis an Aire Gnóthaí Eachtracha** **3**

- **Teachtaireachtaí ó na hAirí Stáit** **5**

- **Réamhrá an Ard Rúnaí** **9**

- **Miseanráiteas** **11**

- **Cuid 1** **Spriocanna Ardleibhéil** **12**

- **Cuid 2** **Ról agus Structúir na Roinne Gnóthaí Eachtracha** **13**

- **Cuid 3** **Anailís Comhshaoil** **15**

- **Cuid 4** **Cuspóirí agus Straitéisí don tréimhse 2003 –2005** **27**

- **Aguisín** **62**

Réamhfhocal leis an Aire Gnóthaí Eachtracha, an tUasal Diarmuid Ó hEachthairn, T.D.

Sa Ráiteas Straitéise seo leagtar amach na cuspóirí um polasaí eachtrach, faoi mar a shainigh an Rialtas iad, atá le leanúint ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha sa tréimhse 2005 - 2007.

Is casta agus is luaineach an timpeallacht idirnáisiúnta ina bhfuil an Roinn ag saothrú na gcuspóirí seo. Tá sé riachtanach, mar sin, go gcoinneoimid fócas soiléir ar leasanna bunúsacha na hÉireann agus ar na bunphrionsabail atá ina ndúshraith ag ár bpolasaí eachtrach.

Is tosaíocht i gcónaí ag an Rialtas lánfheidhmiú gach gné de Chomhaontú Aoine an Chéasta, agus tá tábhacht lárnach aige seo in obair na Roinne. Sa chomhthéacs nua de thoradh thiomantas an IRA deireadh a chur lena ghníomhaíochtaí go huile, nach foláir a chomhlíonadh go hindeimhnithe, agus le díchoimisiniú a chuid arm, lorgóimid athbhunú rialtais chineachta a luaithe is féidir ar bhonn cuimsitheach inbhuanaithe. Oibreoimid freisin chun lánacmhainneacht an chomhair Thuaidh/Theas a bhaint amach, agus chun athmhuintearas agus tuiscint a chur chun cinn.

Leanfaimid linn ag obair laistigh de na NA agus lenár gcomhpháirtithe Eorpacha chun cobhsaíocht agus cóir a thógáil san Iaráic, sa Mheán-Oirthear, sna Balcáin, san Afganastáin agus i limistéir eile ina bhfuil teannas agus coimhlint, agus chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna fadtéarmacha is siocair lena leithéidí d'fhadhbanna.

Le fada an lá tá baint ghníomhach leis na Náisiúin Aontaithe mar chloch choirnéil ag polasaí eachtrach na hÉireann. Glactar leis go forleathan nach foláir na NA a leasú chun go mbeidh sé ina uirlis níos éifeachtaí ag an bpobal idirnáisiúnta. Tugann an Rialtas tréantacaíocht do na leasuithe atá molta ag Ard-Rúnaí na NA, Kofi Annan. Mar sin, ba chúis áthais agus onóra dom gur cheap Ard-Rúnaí na NA mé mar Thoscaire Speisialta maidir le Leasú na NA mí Aibreáin seo caite. Dar liom, is aitheantas mo cheapachán i ngeall ar thiomantas fadbhuan na hÉireann do na Náisiúin Aontaithe agus ar an meas atá ar an tiomantas sin i ngach earnáil dá bhallraíocht.

San Aontas Eorpach, leanfaimid linn ag cur chun cinn agus ag cosaint ár leasanna náisiúnta i gcomhthéacs an tsíorathraithe. Táimid tiomanta ar Bhunreacht na hEorpa a dhaingniú, agus úsáidfimid an tréimhse athmhachnaimh agus comhphléite a thug an Chomhairle Eorpach le tuiscint mí Meithimh chun tuiscint phoiblí ar an Aontas a fhorbairt agus ar an tábhacht leanúnach atá aige d'Éirinn. Leanfaimid ar ár gcaidreamh déthaobhach a threisiú laistigh den AE méadaithe, agus faoi dheireadh 2005 beidh Misin taidhleoireachta chónaitheacha againn sna Ballstáit go léir.

Leanfaidh an Roinn, agus ár misin taidhleoireachta, ar oibriú go dlúth le gníomhaireachtaí Stáit agus leis an earnáil phoiblí d'fhonn breisluach réadach a chur le cur chun cinn ár leasanna eacnamaíocha thar lear. Is tosaíocht faoi leith agam an obair seo.

Leanfaimid ar chlár Chomhoibriú um Fhorbairt, Éire a bhainistiú de réir na gcaighdeán is airde sa chleachtas idirnáisiúnta is fearr. Is é ár gcuspóir ná go mbeidh toradh buan ar ár sprioc chun an bochtaineas a laghdú agus chun cuidiú le borradh inbhuanaithe sna tíortha is boichte ar domhan. Thionscnaíomar freisin próiseas leathan comhchomhairleach roimh fhoilsiú Páipéir Bháin ag an Roinn ar pholasaí Comhoibriú Forbartha.

Ar bhunchúraimí mo Roinne tá saoránaigh Éireannacha thar lear a chosaint. Leis an méadú mór i minicíocht agus i réimse an taistil a dhéanann ár saoránaigh, agus sa chomhthéacs luaineach idirnáisiúnta, tá an ghné seo d'obair ár misean ag dul i méid. Faoi dheireadh 2005, beidh ár gcóras nua uathoibríoch curtha i gcrích freisin ag an Roinn chun pasanna a eisiúint.

An clár oibre dúshlánach ardaidhmeannach atá sa Ráiteas Straitéise seo, ní chuirfear é i gcrích ach le tiomantas leanúnach na foirne ar gach leibhéal. Ba mhaith liom an dúthracht agus an ghairmiúlacht atá léirithe acu le linn mo sheal in oifig go nuige seo a mholadh, agus é léirithe go sármhaith acu sna géarchéimeanna le déanaí de dheasca an tsúnámaí san Áise agus na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta i Londain agus sa Tuirc. Tá lánmhuinín agam go dtabharfaidh an Roinn faoi na dúshláin iomadúla atá romhainn leis an tiomantas agus an díograis leanúnach sin is dual di.

Diarmuid Ó hEachthairn, T.D.
Aire Gnóthaí Eachtracha

Teachtaireacht ó Aire Stáit Ó Treasaigh

Mar Aire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha le freagracht maidir le Gnóthaí Eorpacha, tá áthas orm fáilte a chur roimh an Ráiteas Straitéise seo. Is cosúil gur tráth an-dúshlánach don Aontas Eorpach a bheidh sa tréimhse a chlúdaítear ann - 2005 go 2007.

Beidh ar Éirinn agus ar na Ballstáit eile aird a thabhairt ar roinnt tosaíochtaí sainiúla sa chúig bliana seo romhainn: teacht chun réitigh ar mhaoiniú an Aontais amach anseo; an tréimhse athmhachnaimh a aontaíodh ag an gComhairle Eorpach mí Meithimh 2005 ionas gur féidir díospóireacht leathan ar an Eoraip a chur ar siúl sna Ballstáit go léir; an iarracht leanúnach chun breis cumas iomaíochta a chur i ngeilleagar na hEorpa; agus forbairt pholasaí seachtrach an Aontais. Is rudaí barrtháibhachtacha iad seo go léir dár leas náisiúnta féin agus do leas an Aontais.

Nuair a buadh i reifrinn faoi dhó ar Bhunreacht an AE a dhaingniú, d'aontaigh na Ballstáit go mbeadh tréimhse athmhachnaimh agus díospóireachta ann. Tá sé ar intinn ag an Rialtas, a thugann tréantacaíocht don Bhunreacht i gcónaí, an t-am athmhachnaimh seo a úsáid chun ár gcur chuige náisiúnta i dtaobh na hEorpa a dhéanamh níos déine.

Leanfar leis an idirbheartaíocht ar mhaoiniú an Aontais, don tréimhse 2007-2013, i rith thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Beidh géarghá le toradh rafar ar an obair chun an tAontas a chur in oiriúint do na dúshláin a bheidh ann amach anseo. Dúshlán mór eile a bheidh ann na spriocanna ardaidhmeannacha a bhaint amach a leagadh síos do gheilleagar na hEorpa i gClár Gnó Liospóin. Le hiarracht i bpáirt ag na Ballstáit ag na leibhéil náisiúnta agus AE, is féidir le Clár Gnó Liospóin an spreagadh a thabhairt chun an Margadh Aonair a chur i bhfeidhm go críochnúil agus tuilleadh fáis agus fostaíochta a sholáthar.

Tugadh mórchéim stairiúil ar aghaidh sa phróiseas méadaithe in 2004 nuair a tháinig deich mBallstát nua in aontachas. Leanfar leis an bpróiseas. Tiocfaidh an Rómáin agus an Bhulgáir in aontachas mí Eanáir 2007, má bhíonn siad réidh. Thug an Chomhairle Eorpach stádas iarratasóra don Chróit mí Meithimh 2004, agus chinn an Chomhairle Eorpach mí Nollag 2004 go gcomhlíonann an Tuirc critéir pholaitiúla Chóbanhávan a dhóthain le tús a chur le hidirbheartaíocht aontachais. An mhian láidir seo atá ag mórán stát le haghaidh ballraíocht san

AE, is buanfhianaise é ar an deis a sholáthraíonn an tAontas le haghaidh na síochána, dul chun cinn agus rathúnais.

Is i gcomhthéacs na ndeiseanna agus na ndúshlán seo atá an Ráiteas Straitéise seo á fhoilsiú. Aibhsíonn an Ráiteas a lárnaí agus a thábhachtaí atá Ballraíocht na hÉireann san AE dár leasanna agus dár luachanna náisiúnta. Léiríonn sé freisin gur gné bharrthábhachtach é ár mballraíocht san AE dár n-ionad sa domhan mór. I gcónaí, mheas Éire gur rud ardluacha é ár mballraíocht san Aontas. Is é ár dtaithí ar an mballraíocht sin gur féidir le tíortha beaga ról fíoriomlán a ghlacadh agus go dtabharfar cluas le héisteacht dóibh. Sna blianta romhainn, san Aontas nua bisigh, leanfaimid ar lánpháirt a ghlacadh i gcinnteoireacht an Aontais. Sa chaoi seo, is féidir linn leanúint ar chur le forbairt in Éirinn a bheidh níos fearr, ar Eoraip a bheidh níos comhtháthaithe a thógáil, agus, dá bharr sin, ar dhomhan a bheidh níos córa agus níos socra a chumadh.

Nollaig Ó Treasaigh, T.D.

Aire Stáit

Teachtaireacht ón Aire Stáit maidir le Comhoibriú Forbartha agus Cearta an Duine, Conchubhar Ó Luineacháin, T.D.

Sa Ráiteas Straitéise seo leagtar síos an ról a léiríonn ár mbuanna agus ár luachanna mar phobal is féidir le hÉirinn a chomhlíonadh laistigh den chomhluadar idirnáisiúnta.

Le scór bliain ghnóthaigh Éire mórán mór de réir mar a ghlacamar leis an ngeilleagar domhanda. De réir na Tuarascála is déanaí leis na NA um Fhorbairt Dhaonna, is í Éire an deichiú tír is mó forbairt ar domhan agus tá an tríú ioncam *per capita* is airde aici.

Tá dhá thrian den domhan go beo bocht agus na billiúin daoine ag maireachtáil ar shuim níos lú ná dhá dhollar sa lá. Is millteanach mór é méid na ndúshlán atá le sárú ag na tíortha i mbéal forbartha. Tá dul chun cinn mór déanta ag an chéad domhan i dtreo na síochána agus na sábháilteachta, na forbartha eacnamaíche, an oideachais, díothú galair, agus na sláinte, ach tá na milliúin daoine ag maireachtáil i dtíortha atá caite ag cogaí, gorta, galair, bochtaineas, breabaireacht agus cos ar bolg.

Maidir linn in Éirinn, lenár rathúnas nua tagann dualgas agus deis; dualgas chun cabhrú leis an tsoleontacht a laghdú, ní sa bhaile amháin, ach thar lear freisin; agus an deis chun beart de luachanna um polasaí eachtrach a fhorbairt a léiríonn ár gcreideamh sa daonlathas.

Ar mhórán bealaí tá guth níos láidre againn i gcúrsaí idirnáisiúnta ná mar a shamhlófaí i gcás tír chomh beag linn. Ar leibhéal Rialtais, tá cruthaithe againn go bhfuil ar ár gcumas polasaithe a mhúnlú do thíortha atá i bhfad níos mó ná sinn, faoi mar a léiríodh le linn ár seal le déanaí ar Chomhairle Slándála na NA agus mar Uachtarán ar an AE. Ar leibhéal an duine aonair agus na heagraíochta, chruthaíomar freisin go bhfuil an cumas againn tionchar a imirt. Tá sin fíor ach go háirithe i dtaca le coimhlintí a réiteach, leis an gcóir, le cearta an duine, agus le cúnamh forbartha. Mar Aire Stáit maidir le Comhoibriú Forbartha agus Cearta an Duine bhí sé de phribhléid agam spléachadh a fháil ar an lear mór Éireannach atá ag saothrú go dian sna tíortha i mbéal forbartha chun an saol a fheabhsú do dhaoine is lú ádh. Sampla suntasach le déanaí ab ea an dithneas lenar fhreagair eagraíochtaí Éireannacha nuair a bhuail an tubaiste uafásach le daoine san Áise Theas tar éis an tsúnámaí. Ar bhonn leanúnach bímid bródúil as an gcaoi ina n-imríonn

Éireannaigh mór le rá tionchar ar an láthair idirnáisiúnta ar son chúis na forbartha agus na síochána.

Le linn na ndeich mbliana seo caite tá feabhas ollmhór tagtha ar fheidhmíocht an Rialtais maidir le cúnamh forbartha oifigiúil. Ó na luath-nóchaidí méadaíodh an buiséad CFO go hiomlán de bhreis agus 550%. Rachaidh an borradh seo i méid de thoradh thiomantas an Rialtais breis agus €1.8 billiún a chaitheamh ar chúnamh forbartha idir 2005 agus 2007. Cuirfidh na hacmhainní breise seo go mór lenár gcumas an bochtaineas a laghdú agus tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tíortha bochta thar ilréimsí earnálacha.

Ní fheidhmíonn an cúnamh forbartha laistigh d'fholús, ach laistigh de thimpeallacht pholaitiúil eacnamaíoch leathan. Ní ar an gcúnamh amháin a bhraitheann laghdú an bhochtainis sna tíortha i mbéal forbartha, ach freisin ar chúrsaí trádála, infheistíochta, comhshaoil, agus eile de chuid na dtíortha forbartha. Tá gach tír freagrach as a forbairt féin agus as leas agu dea-bhail a saoránach féin. Ní féidir dul chun cinn a dhéanamh mura nglacann na tíortha i mbéal forbartha an bhunfhreagracht orthu féin. Is féidir leis an gcúnamh seachtrach cabhrú go mór, ach ar an gcuntar amháin go nglacann rialtais agus saoránaigh na dtíortha i mbéal forbartha seilbh ar an bhforbairt, agus go mbrúnn agus go stiúrann siad féin í.

Is minice anois a lorgaítear réití ar dhúshláin leathana an bhochtainis agus na héagothroime ar bhonn réigiúnach agus domhanda. Tá sé tábhachtach go leanfadh Éire léi ag tabhairt tacaíocht phraiticiúil i bhfoirm cúnaimh forbartha, ach go bhféachfadh sí freisin le hathruithe a chur i gcrích sa timpeallacht pholaitiúil eacnamaíoch leathan. Is trínár dtoil chomhchoiteann a chuirfear an t-athrú i bhfeidhm.

Sa straitéis seo tá ráiteas soiléir faoinár n-intinn leanúint linn ár gcion a dhéanamh chun domhan atá níos córa, níos cothroime agus níos síochánta a chruthú. Ag féachaint romhainn amach, ní foláir go mbeidh ár ngníomhartha agus gníomhartha an phobail idirnáisiúnta go cuimsitheach i leith na ndúshlán crua seo, más amhlaidh go mbíonn sé i ndán do bhochtáin soleonta chuile áit an todhchaí sin a shamhlú dóibh féin a nglacaimidne in Éirinn léi gan cheist inár saol inniu.

Conchubhar Ó Luineacháin T.D,
Aire Stáit

Réamhrá leis an Ard-Rúnaí

Is é seo an cúigiú Ráiteas Straitéise a d'ullmhaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha faoi réir fhorálacha an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997. Imlínítear sa Ráiteas an chreatlach faoina bhfeidhmeoidh an Roinn go deireadh 2007. Léiríonn sé polasaí an Rialtais faoi mar atá sé leagtha amach in *An Clár Rialtais* agus i gcomhaontuithe ábhartha eile, ar a bhfuil Comhaontú na Comhpháirtíochta Sóisialta reatha, *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*.

Sa Ráiteas Straitéise tá forléargas ar an Roinn agus sainiú ar na spriocanna, na cuspóirí agus na straitéisí ardleibhéil a bheidh le baint amach sa tréimhse seo romhainn. Tá anailís ann ar an timpeallacht chasta shíorathraitheach idirnáisiúnta ina bhfeidhmíonn an Roinn, agus ar na príomhcheisteanna intíre agus inmheánacha a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu sna blianta beaga seo. Leagtar amach sa Ráiteas freisin na táscairí a bheidh mar shlata tomhais chun éifeacht fheidhmíocht na Roinne a mheas.

Tá an-chuid dúshlán mór le sárú ag an Roinn sa tréimhse amach anseo. Na hiarrachtaí leanúnacha chun próiseas na síochána i dTuaisceart Éireann a chur ar aghaidh, an timpeallacht luaineach idirnáisiúnta, an díospóireacht um thodhchaí an Aontais Eorpaigh, an leasú ar na Náisiúnta Aontaithe atá molta, an leathnú leanúnach ar ár gclár um chomhoibriú forbartha, agus an t-éileamh síorbhorrach ar sheirbhísí consalachta, is comharthaí iad seo uile go bhfuil gá buan ann lenár gcumas a fhorbairt chun freagairt ghasta éifeachtach a thabhairt ar dhálaí de réir mar a thiteann siad amach.

Tá dúshlán eagraíochta roimh an Roinn freisin de bharr Dhílárú ár Stiúrthóireachta um Chomhoibriú Forbartha go Luimneach, atá le cur i gcrích sa chéad leath de 2007. Is ceann de phríomhchuspóirí na Roinne é, sa tréimhse lena mbaineann an Ráiteas Straitéise seo, an próiseas sin a bhainistiú go héifeachtach.

Bhí baint ag mórán daoine ar fud na Roinne leis an obair chun an Ráiteas Straitéise seo a ullmhú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le cách a raibh lámh acu sa ghnó. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghabháil le Coiste Comhpháirtíochta na Roinne as a dtacaíocht agus as a lámh chúnta ghníomhach. Tá an Roinn lántiomanta i gcónaí don phróiseas comhpháirtíochta agus leanfar den obair chun an próiseas a chothú agus a fhorbairt thar thréimhse an Ráitis.

Leanann an Roinn léi ag oibriú go dlúth le Ranna Rialtais eile, le Gníomhaireachtaí Stáit agus leis an earnáil phríobháideach ar mhaithe lenár leasanna polaitiúla, eacnamaíocha agus cultúrtha náisiúnta. Leanfaimid linn ag neartú ár gcaidreamh le heagraíochtaí neamhrialtais, go háirithe i dtaca lenár gclár um chomhoibriú forbartha.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl arís d'fhoireann na Roinne i gcéin agus i gcóngar as a ndúthracht agus a ngairmiúlacht fhadbhuan. Ba léir na cáilíochtaí seo go háirithe le linn Uachtaránacht rafar na hÉireann ar an Aontas Eorpach sa chéad leath de 2004, nuair a bhí leibhéal a ndíograise thar barr, gan agó. Ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt do na héilimh a rinneadh ar theaghlaigh de bharr an riachtanais i dtaobh solúbthachta agus so-ghluaisteachta, ar sainghnéithe iad d'obair na Roinne.

Táim ag dréim le hoibriú go dlúth le comhghleacaithe uile sa Roinn chun an clár gnó sa doiciméad seo a chur ar aghaidh.

Diarmaid Ó Gallchóir
Ard-Rúnaí

MISEANRÁITEAS

Is é bunchuspóir na Roinne Gnóthaí Eachtracha sainleasanna polaitiúla agus eacnamaíocha na hÉireann a chur chun tosaigh san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain, cion na hÉireann ar son na síochána, na slándála agus na forbartha a chur chun cinn tríd an Aontas Eorpach agus trí pháirt ghníomhach in eagraíochtaí idirnáisiúnta, na Náisiúin Aontaithe ach go háirithe, ár saoránaigh a chosaint thar lear, agus athmhuintearas agus comhpháirtíocht a chothú ar fud oileán na hÉireann

CUID 1: SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL

1. Oibriú chun lánfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta a bhaint amach, mar aon le buanfheidhmiú a chuid institiúidí uile; agus comhar, comhthuiscint agus comhurraim a chothú idir dhá thraidisiún an oileáin, idir Tuaisceart agus Deisceart agus idir an dá oileán.

2. Féachaint le polasaí eachtrach na hÉireann a chur i gcrích de réir na n-idéal atá inscríofa sa Bhunreacht agus na bprionsabal atá i gCairt na Náisiún Aontaithe, trí chaidreamh déthaobhach a fhorbairt le Stáit eile, trínár rannpháirteachas i gComhpholasaí Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh, agus trí pháirt ghníomhach phrionsabálta a ghlacadh in eagraíochtaí idirnáisiúnta.

3. Sainleasanna na hÉireann a chothú agus a chosaint ag croí an Aontais Eorpaigh, agus é ag forbairt agus ag méadú, agus ag cur san áireamh forbairt níos mó ar ár gcaidreamh lenár gcomhpháirtithe reatha san Aontas Eorpach agus le comhpháirtithe nua amach anseo.

4. Trádáil, infheistíocht agus sainleasanna eile na hÉireann, ar a n-áirítear a cultúr, a chur chun cinn i ndlúthchomhar le Ranna eile, le Gníomhaireachtaí Stáit agus leis an earnáil phríobháideach, agus a chinntiú go gcuirfidh an gréasán misean taidhleoireachta agus consalachta atá ag an Stát fíorluach breise leis an ngnó seo.

5. Cur go substaintiúil agus go héifeachtach le Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach, le laghdú na bochtaineachta agus le fás inbhuanaithe sna tíortha forbraíochta, trí pholasaí agus chláir Chúnamh Éireann, agus trí oibriú ar son córais eacnamaíocha idirnáisiúnta atá cóir agus cobhsaí.

6. Leasanna shaoránaigh na hÉireann thar lear a chosaint, naisc a chothú agus a dhaingniú le daoine de bhunadh Éireannach, agus seirbhís pasanna agus consalachta a sholáthar atá comhaimseartha éifeachtach.

CUID 2: RÓL AGUS STRUCHTÚR NA ROINNE

Ról na Roinne:

Comhairlíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha an tAire Gnóthaí Eachtracha, na hAirí Stáit agus an Rialtas maidir le gach gné de ghnóthaí eachtracha, agus comhordaíonn sí freagairt na hÉireann ar fhorbairtí idirnáisiúnta. Tugann an Roinn comhairle agus tacaíocht freisin ar gach saincheist a bhaineann leis an tóir ar shíocháin, chomhpháirtíocht agus athmhuintearas i dTuaisceart Éireann agus idir Tuaisceart agus Deisceart an oileáin, agus leis an gcaidreamh idir Éirinn agus an Bhreatain a neartú.

Struchtúr na Roinne:

Faoi láthair tá dhá aonad déag sa Roinn ina Cheannceathrú (CC) agus 67 oifig thaidhleoireachta agus consalachta sna iomlán thar lear (a dtugtar "Misin" orthu), le chois Rúnaíocht Idir-Rialtais na Breataine-na hÉireann i mBéal Feiriste agus Comh-Rúnaíocht na nAirí Thuaidh-Theas in Ard Mhacha. Osclófar sé Mhisean eile níos déanaí in 2005 –sa Rómáin, sa Bhulgáir, sa Laitvia, sa Liotuáin, i Malta agus i Vítneam.

Na príomhdhualgais:

- *An Rannán Angla-Éireannach*, a phléann le caidreamh Angla-Éireannach agus le Tuaisceart Éireann

– ***An Rannán um Chaidreamh Déthaobhach Eacnamaíochta***, a chomhordaíonn cothú sainleasanna eacnamaíocha na hÉireann thar lear

– ***An Rannán Consalachta agus Pasanna***, atá freagrach as cabhair consalachta a sholáthar do shaoránaigh Éireannacha thar lear agus as seirbhísí pasanna agus víosaí

– ***An Rannán Seirbhísí Corparáideacha***, atá freagrach as bainistíocht laethúil na Roinne, ar a n-áirítear daonacmhainní, bainistíocht an athraithe, oiliúint, cóiríocht, seirbhísí bainistíochta, airgeadas agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide

– ***An Rannán Cultir***, atá freagrach as caidreamh cultúrtha le tíortha eile

– ***An Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha***, atá freagrach as clár chúnamh coigríche na hÉireann, *Comhoibrhú Forbartha na hÉireann*, agus as feidhmiú pholasaí forbartha na hÉireann

– ***Rannán an Aontais Eorpaigh***, a chomhordaíonn cur chuige na hÉireann san AE

– ***An tAonad Cigireachta agus Iniúchóireachta Inmheánaí***, a dhéanann measúnú ar fheidhmiú mhisin na hÉireann thar lear agus ar shásúlacht, fheidhmiú agus éifeacht na gcóras inmheánach rialaithe atá ag an Roinn

– ***An Rannán Dlí***, a chuireann faisnéis agus comhairle dlí ar fáil, go háirithe ar ábhair an dlí phoiblí idirnáisiúnta, an dlí um chearta an duine agus dlí an AE

– ***An Rannán Polaitíochta***, atá freagrach as saincheisteanna polaitíochta idirnáisiúnta, ar a n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, agus a riarann rannpháirteachas na hÉireann i gComhpholasaí Eachtrach agus Slándála an AE

– ***An Rannán Prótacail,*** atá freagrach as cuairteanna Stáit agus cuairteanna oifigiúla chun na hÉireann agus thar lear a eagrú, agus as tadhall a chothú le hAmbasáidí atá creidiúnaithe d'Éirinn.

– ***An Rannóg Preasa***, atá freagrach as eolas a thabhairt do na meáin intíre agus idirnáisiúnta maidir le forbairtí i bpolasaí eachtrach na hÉireann

Ról na nAmbasáidí agus na nOifigí eile thar lear

Tá misin taidhleoireachta agus oifigí consalachta na hÉireann tiomanta d'aimsiú shainleasanna na hÉireann thar lear agus d'fheabhsú phróifíl idirnáisiúnta na hÉireann. Is oifigí seachtracha an Stáit iad, a chuireann polasaithe an Rialtais chun cinn agus a ghlacann páirt in obair eagraíochtaí idirnáisiúnta. Is féidir Ambasadóirí a chreidiúnú freisin ar bhonn neamhchónaithe. Coinnítear caidreamh taidhleoireachta le 158 tír.

Bíonn raon feidhmeanna ionadaíochta, cothaithe agus tuairiscíochta ag na misin taidhleoireachta agus na hoifigí Consalachta. Déanann siad:

- caidreamh na hÉireann le hóstrialtais a chothú, agus ár dtosaíochtaí agus ár gcuspóirí idirnáisiúnta a chur chun cinn

- tuairisciú ar fhorbairtí polaitiúla, eacnamaíocha, agus tráchtála agus, más cuí, ar fhorbairtí san AE

- leasanna eacnamaíochta na hÉireann a chur ar aghaidh trí ghníomhú le daoine eile sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha chun an trádáil agus an turasóireacht a mhéadú, agus chun na sochair as infheistíocht isteach in Éirinn a aibhsiú.

- maoirsiú a dhéanamh ar fheidhmiú na gclár i dtíortha forbraíochta atá á maoiniú faoi chlár cúnaimh choigríche an Rialtais, is é sin Comhoibriú Forbartha Éireann

- cabhair a sholáthar do shaoránaigh Éireannacha agus teagmháil a choinneáil le pobail Éireannacha thar lear

- cultúr na hÉireann a chur chun cinn agus eolas faoi Éirinn a scaipeadh

Na Misin atá creidiúnaithe d'eagraíochtaí iltaobhacha mar na Náisiúin Aontaithe, cuireann siad dearcadh na hÉireann i láthair i bplé agus idirbheartaíocht laistigh de na heagraíochtaí seo.

Is é ról na Buan-Ionadaíochta don AE sa Bhruiséil, ionadaíocht a dhéanamh thar cheann an Stáit ina chomhéadan le hinstitiúidí an AE agus in aon idirbheartaíocht ag an leibhéal oifigiúil i gComhairle na nAirí. Tugann an Bhun-Ionadaíocht comhairle freisin faoi idirbheartaíocht ag an leibhéal polaitiúil i gComhairle na nAirí agus i gComhairle na hEorpa.

Cuimsíonn an gréasán de 67 misean taidhleoireachta agus consalachta cónaithe atá ag an Roinn 49 nAmbasáid, 6 mhisean iltaobhacha (don Aontas Eorpach, do na Náisiúin Aontaithe i Nua Eabhrac agus sa Ghinéiv, don Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip, don Eagraíocht um Chomhar Eacnamaíoch agus Forbartha, agus do Chomhairle na hEorpa), agus 12 Ard-Chonsalacht agus oifig eile. Ina theannta sin, tá 24 Ard-Chonsal Oinigh agus 62 Chonsal Oinigh ann a chuidíonn le saoránaigh Éireannacha i 59 tír. Tá sonraí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.dfa.ie

Am ar bith, bíonn beagnach 50% den fhoireann de thart ar 1,400 atá sa Roinn ag gabháil de shannta thar lear. San áireamh tá an 300 foirne a earcaítear go háitiúil agus a dhéanann cion luachmhar, trína dtiomantas agus eolas áitiúil, d'fheidhmiú rathúil na Misean.

CUID 3: ANAILÍS COMHSHAOIL

An Comhshaol Seachtrach

Forbhreathnú:

Tá an comhshaol ina bhfeidhmíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha casta agus ag síorathrú, agus tá sé á mhúnlú ag tionchar na hEorpa agus ag tionchair fhorleathana idirnáisiúnta. Ar ndóigh, braitheann aimsiú a cuspóirí, ní ar iarrachtaí na Roinne nó an Rialtais ina iomláine, ach freisin ar iompar Stát eile agus slánaonad idirnáisiúnta.

Is ardriachtanas é ag stát beag mar Éire go mbeadh a comhshaol seachtrach faoi réir na ngnásanna dlí idirnáisiúnta a sholáthraíonn creat éifeachtach faoi choinne comhair le stáit eile, agus laistigh d'eagraíochtaí iltaobhacha agus réigiúnacha ar mhaithe lenár sainleasanna náisiúnta a chur chun ar aghaidh. Tugann rannpháirteachas i raon leathan d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, mar aon lenár mballraíocht san Aontas Eorpach, deis dúinn cur le haimsiú agus le comhtháthú comhshaoil idirnáisiúnta de réir na bprionsabal atá leagtha amach in Alt 29 den Bhunreacht:

– *síocháin agus comhar, de réir an chothroim idirnáisiúnta agus na moráltachta idirnáisiúnta, a bheith ar bun idir náisiúin an domhain*

– *go ndéanfaí gach achrann idir náisiúin a réiteach go síochánta le headráin idirnáisiúnta nó le cinneadh breithiúnach, agus*

– *bunrialacha gnáth-admhaithe an dlí idirnáisiúnta le bheith ina dtreoir d'Eirinn ina caidreamh le Stáit eile.*

Mar thoradh ar chastacht an chomhshaoil sheachtraigh, tá sé fíor-riachtanach go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as na hacmhainní teoranta atá ar fáil don Roinn, agus go bhfeidhmeoidh sí i ndlúthchomhar le Ranna Rialtais eile a bhfuil dualgais sheachtracha orthu, d'fhonn cur go héifeachtach le haimsiú na spriocanna a luaitear sa Chlár don Rialtas agus in *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*.

Tá méadú tagtha ar ioncam náisiúnta an Éireannaigh, de bharr na leibhéal neamhghnách fáis ar easpórtalacha, an léirscaoileadh trádála agus Margadh Aonair an AE, go leibhéal atá níos airde ná meán an AE. Ag an am céanna, d'athraíomar ó bheith ag glan-easpórtáil lucht oibre go bheith á nglan-iompórtáil. Tá sé fíor-riachtanach dár leas eacnamaíoch feasta go bhfanfaidh Éire ar thús cadhnaíochta san fhorbairt eacnamaíoch, trí chumas inbhuanaithe iomaíochta agus trí leathnú amach i nua-réimsí fáis ar nós cúrsaí ríomh-ghnó.

Buntáiste traidisiúnta atá ag polasaí eachtrach na hÉireann ná go bhfeidhmíonn sé i gcomhthéacs comhthola suntasaí pholaitiúla sa bhaile maidir leis na príomh-shaincheisteanna seachtracha. Éascaíonn na Coistí Oireachtais ar Ghnóthaí Eachtracha agus Ghnóthaí Eorpacha an plé polaitiúil faoi shaincheisteanna polasaí eachtracha, agus neartaítear é leis na socruithe chun grinnscrúdú an Oireachtais ar reachtaíocht an AE a fheabhsú. Tá na comhpháirtithe sóisialta agus na heagraíochtaí neamh-rialtais, ag gníomhú freisin ar raon saincheisteanna atá bunúsach don pholasaí eachtrach.

Tuaisceart Éireann agus Caidreamh Angla–Éireannach

Is cuid lárnach é feidhmiú leanúnach Chomhaontú Aoine An Chéasta de bheartas an Rialtais maidir le buansíocháin in Éirinn a bhaint amach. Tá lánfheidhmiú an Chomhaontaithe agus comhdhlúthú a chuid institiúidí mar phríomhthosaíocht ag an Rialtas. Díreoidh an Roinn ar an dúshlán chun an obair seo a thabhairt chun críche, i gcomhpháirtíocht le Ranna eile Rialtais, le Rialtas na Breataine agus le páirtithe polaitíochta i dTuaisceart Éireann.

Ón uair a d'fhormhuinigh ollmhóramh phobal na hÉireann, Thuaidh agus Theas, an Comhaontú i mBealtaine 1998, tá dul chun cinn suntasach déanta. Bunaíodh institiúidí an Chomhaontaithe in 1999 agus d'oibrigh siad go maith, ag forbairt agus ag cur bonntacú le cuntasacht pholaitiúil áitiúil. An tús nua a gealladh san Chomhaontú, tugadh é chun cinn i réimse leathan gnó ó Phóilíneacht, Normálú Slándála agus Chóir Choiriúlachta go saincheisteanna Cearta, Comhionannais agus Pobail.

Ó cuireadh Tionól agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann ar fionraí i nDeireadh Fómhair 2002, is é beart oibre an dá Rialtas rialtas cineachta a athbhunú a luaithe is féidir, i gcomhthéacs go mbeidh deireadh go hiomlán le gníomhaíocht pharaimíliteach, agus ar bhonn cuimsitheach inchothaithe. Comhlíonfaidh an Roinn lánról san obair, idir chabhrú sa phlé agus i dtabhairt i gcrích comhaontaithe chuimsithigh ina bhfíorófar an dá chuspóir seo. Tá cúrsaí polaitiúla i dTuaisceart Éireann ag éabhlóidiú de shíor, ach tá dul chun cinn suntasach déanta chun comhaontú cuimsitheach a bhaint amach, agus maireann sé mar bhuntosaíocht ag an Roinn.

Leanfaidh an Roinn ag cuidiú le, agus ag daingniú, mórghnéithe an dul chun cinn atá déanta cheana maidir le póilíneacht agus le cóir. Ó thaobh na cobhsaíochta fadtéarma agus na muiníne forleitheadaí i riarachán na córa, tá sé ríthábhachtach go bhfeidhmeofar go leanúnach moltaí Thuarascáil Patten. Beidh cur chun cinn comhoibriú Thuaidh/Theas sna réimsí seo ina phríomhthosaíocht, agus is amhlaidh a bheidh i gcomhthéacs céimeanna chun freagracht as cúrsaí póilíneachta agus córa a chineachadh d'Fheidhmeannas i dTuaisceart Éireann. Féachfaidh an Roinn le dul chun cinn a dhéanamh maidir le socruithe slándála a normálú agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iar-aighnis, idir íospairtí agus déileáil leis an tráth atá thart.

Tá an rialtas lántiomanta rath na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas a dhaingniú agus a chosaint, d'fhonn spiorad na comhpháirtíochta agus an chomhair a fhorbairt idir Tuaisceart agus Deisceart, ar mhaithe le comhthairbhe an dá thaobh. Chun an tiomantas seo a chur i gcrích, tacófar le agus cuirfear chun cinn na Comhlachtaí Feidhme Thuaidh/Theas, Turasóireacht Éireann agus an clár oibre sna Réimsí sainithe Comhoibre Thuaidh/Theas. Ina theannta sin, cothófar athmhuintearas agus comhurraim idir na traidisiúin éagsúla ar bhealach onnghníomhach lena n-áirítear cuidiú trí Chiste Athmhuintearais na Roinne.

Nuair a cruthaíodh Comhairle na Breataine - na hÉireann agus Comhdháil Idir-rialtais na Breataine - na hÉireann, feabhsaíodh an caidreamh idir na hoileáin seo. Tá an rialtas tiomanta ar obair Chomhairle na Breataine - na hÉireann a chur chun cinn mar fhoras tábhachtach de chuid an Chomhaontaithe. Cuirfidh an Roinn freisin leis na naisc Thoir-Thiar reatha seo, ar a n-áirítear an caidreamh leis na riaracháin chineachta i gCaerdydd agus i nDún Éideann, lena chinntiú go ndéanfar lánfhorbairt ar chaidreamh comhchuí comhthairbheach idir Éirinn agus an Bhreatain.

Le linn phróiseas na síochána, bhí an-tábhacht le tacaíocht leanúnach pholaitiúil agus eacnamaíoch an phobail fhorleathain idirnáisiúnta – na Stáit Aontaithe agus Aontas na hEorpa san áireamh – a léiríodh tríd an obair athfhoráis agus athmhuintearais a rinneadh le cabhair ó Chlár Síochána an AE agus ón gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn. Beidh an Roinn ag saothrú go

honnghníomhach i gcónaí chun an tacaíocht agus an dlúthpháirtíocht seo a bhuanú, agus sinn ag gluaiseacht i dtreo lánfheidhmiú an Chomhaontaithe.

An tAontas Eorpach

Is rud bunúsach d'Éirinn í a ballraíocht san AE agus cuidíonn sí le múnlú an chomhthéacs ina bhfeidhmíonn polasaí eachtrach na hÉireann. Is bunleas náisiúnta é go mbeidh fás leanúnach comhtáite éifeachtach ag an Aontas. Éilíonn cur chun cinn leasanna na hÉireann san Aontas go mbeidh comhordú agus tosaíochtaí laistigh de chur chuige straitéiseach i leith chlár oibre leathan an AE, clár a chuimsíonn mórán saincheisteanna atá tábhachtach mothálach d'Éirinn.

In Aontas atá ag fás is ag forbairt beidh deiseanna agus dúshláin dÉirinn. Sa tréimhse amach romhainn díreofar mórchuid airde ar chaidreamh agus ar chomhghuaillíochtaí a fhorbairt le Ballstáit eile. San áireamh, beidh oscailt Misean sna Ballstáit nua agus sna tíortha ag lorg aontachais, d'fhonn ár gcumas a uasmhéadú chun bhunpholasaithe an AE a mhúnlú.

Ar na saincheisteanna tábhachtacha a bheidh le plé ag an Aontas sa tréimhse romhainn amach tá:

- Ceist daingnithe Bhunreacht na h Eorpa: Agus an Chomhairle Eorpach ag athdhearbhú a tiomantas i leith Bhunreacht an Aontais Eorpaigh in Meitheamh 2005, thug siad le tuiscint go dtosófar tréimhse athmhachnaimh agus comhphléite.

- Leanfar leis an bpróiseas méadaithe, agus an Rómáin agus an Bhulgáir le teacht isteach in Eanáir 2007, agus idirbheartaíocht le tosú leis an gCróit agus an Tuirc in 2005. Dealraíonn sé go mbeidh deis ag tíortha Balcánacha eile bheith ina n-iarrthóirí, agus meastar go mbeidh iarratas ó Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine mar ábhar gnó ag Tuairim Choimisiúin in 2005.

- Cuirfear béim speisialta ar dhea-chaidreamh a chur chun cinn leis an Rúis, an Úcráin agus comharsana eile an AE. Ní foláir nó go bhfeidhmeofar an Polasaí Comharsanachta Eorpach le héifeacht lena chinntiú go mbeidh tiomantacht do chomhluachanna, agus san áireamh urraim do chearta an duine, cur chun cinn caidrimh dhea-chomharsana, agus prionsabail an mhargaidh eacnamaíoch, ionas go dtiocfaidh astu comhoibriú eacnamaíoch agus polaitiúil níos dlúithe te tíortha eile atá ar láimh.

- Saincheist bharrtháibhachtach san am amach anseo is ea an idirbheartaíocht ar *Chreatlach Airgeadais* an Aontais le haghaidh na tréimhse 2007 go 2013. Cinnteoidh sé seo móraidhm, nádúr agus ábhar pholasaithe an Aontais sa deich mbliana amach romhainn.

- Is tosaíocht i gcónaí é Clár Gnó Liospóin, a bhfuil d'aidhm aige an geilleagar faisnéisbhunaithe is mó cumais iomaíochta agus fuinnimh ar domhan a dhéanamh den AE.

- I Samhain 2004 ghlac an Chomhairle Eorpach le Clár na Háige le haghaidh breis forbartha ar réimse na saoirse, na slándála agus na córa. Cuireadh téagar sa chlár le tograí substaintiúla i bPlean Gníomhaíochta a chuir an Coimisiún i láthair in 2005, plean ar ghlac an Chomhairle Eorpach leis i Meitheamh 2005.

- Leanfaidh an fhorbairt ar ról idirnáisiúnta an AE tríd an gComhpholasaí Eachtrach agus Slándála, de réir phrionsabail agus chuspóirí comhaontaithe an AE. Leanfaidh Éire ag tóraíocht agus ag cothú spriocanna a polasaí eachtraigh trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sa CPES.

- I gcás tír mar Éire, le geilleagar beag oscailte agus le spleáchas mór ar thrádáil agus infheistíocht sheachtrach, baineann tábhacht ar leith le babhta Idirbheartaíochta Trádála Domhanda de chuid na hEagraíochta Trádála Domhanda - *Clár Forbartha Doha*. Beidh Éire ag obair go dlúth lena comhpháirtithe san AE chun toradh rafar sásúil a bhaint amach.

An Comhthéacs Leathan Idirnáisiúnta

Múnlaítear polasaí eachtrach na hÉireann lenár luachanna agus leis an gcomhshaol seachtrach a mbainimid leis. Chuir méadú an Aontais Eorpaigh le cobhsaíocht an ghar-réigiúin lena mbainimid, ach in áiteanna eile ar domhan is cuid de shaol laethúil mórán dár gcomharsana domhanda an choimhlint réigiúnach, na stáit nár éirigh leo, agus easpa forbartha. I ndomhan atá ag síoréirí níos idirspleáiche ar a chéile, is féidir le míchobhsaíocht in áit amháin ar talamh bheith ina bagairt dhíreach ar an tslándáil agus ar an gcobhsaíocht idirnáisiúnta.

Is iomaí dúshlán atá roimh an gcomhluadar idirnáisiúnta - coimhlintí réigiúnacha, stáit teipthe nó stáit atá ag teip, drochrialachas, drochíde ar chearta daonna, truailliú comhshaoil agus athrú aeráide, paindéim amhail VEID/SEIF, easpa forbartha inbhuanaithe, éagothromaíochtaí i sreafa trádála, teicneolaíochta agus caipitil, agus mangaireacht i ndaoine agus i ndruganna aindleathacha. Baineann fadhbanna faoi leith leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta agus le hiomadú na n-arm ollscriosta, rudaí a éilíonn réitĺ trasteorainneacha. Mar an gcéanna, caithfear aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna is bunsiocair le coimhlintí agus míchobhsaíocht—an bochtaineas, cos ar bolg agus easpa deiseanna.

Ní féidir déileáil leis na dúshláin seo faoi iamh an náisiúin stáit thraidisiúnta amháin. Éilíonn siad gníomhaíocht i bpáirt ón gcomhluadar idirnáisiúnta. Eílítear freagairtí domhanda comhpháirteacha. Is é an bealach is fearr chun tabhairt faoi na bagairtí ar shíocháin agus shlándáil idirnáisiúnta agus faoi dhúshláin an bhochtainis agus forbartha ná trí chóras iltaobhach na slándála comhchoitinne atá faoi chumhdach na NA.

Is léir, áfach, ó aighnis idirnáisiúnta ar ball beag, agus na cinn faoin gcogadh san Iaráic san áireamh, go bhfuil strusanna agus teannais laistigh den gcóras idirnáisiúnta. In 2003, is é a thug Ard-Rúnaí Annan ar an staid seo ná “gabhal sa bhóthar” do chóras na NA. Mar sin, baineann barrthábhacht leis an tréimhse amach romhainn do na NA.

I Meán Fómhair 2005, tionólfar Seisiún Iomlánach Ard-Leibhéil ag Tionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe nuair a thiocfaidh Cinn Stáit agus Rialtais le chéile chun athbhreithniú ar fheidhmiú Dhearbhú Mullaigh na Mílaoise agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise. Mar chuid den phróiseas seo, d’eisigh Ard Rúnaí Annan tuarascáil (21ú Márta 2005) le moltaí maidir le laghdú an bhochtainis, le cearta an duine, le leasú institiúideach ar chóras na NA, agus san áireamh sin leasú ar an gComhairle Slándála agus Coimisiún nua um Thógáil Síochána agus Comhairle um Chearta an Duine a bhunú. Tá an Aire Gnóthaí Eachtracha ag feidhmiú mar dhuine de na cúig Thoscaire a cheap an tArd Rúnaí chun idirchaidreamh a dhéanamh le Rialtais maidir le leasú NA.

Cuirtear go mór leis an tóir ar shainleasanna pholasaí eachtrach na hÉireann trínár bpáirteachas i gComhpholasaí Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh. Tá an tAontas de shíor ag forbairt réimse agus doimhneas a chur chuige idirnáisiúnta, faoi réir chomhluachanna agus chomhchuspóirí na mBallstát. Sa Straitéis Slándála Eorpach, ar glacadh léi i Nollaig 2003,

cuirtear ar fáil creatlach chomhtháite le haghaidh plé an Aontais leis an domhan mór, agus gealltar ann go mbeidh cur chuige iomlánaíoch ag an Aontas i leith saincheisteanna slándála. Agus é ag forbairt caidreamh seachtrach, is féidir leis an Aontas úsáid a bhaint as an réimse leathan gléasanna atá ar láimh aige, ar a bhfuil caidreamh taidhleoireachta agus polaitiúil, agus comhoibriú forbartha agus trádála, le hais a chumas méadaitheach chun coimhlintí a chosc, chun éigeandálacha a bhainistiú, agus chun síocháin a chaomhnú, tríd an bPolasaí Eorpach um Shlándáil agus Chosaint (PESC). De bharr Uachtaránacht na hÉireann ar an AE le deireanas, bhí ar ár gcumas ár gcion a dhéanamh chun caidreamh breisiúil seachtrach an Aontais a mhúnlú, agus leanfaimid linn ag tabhairt lámh chúnta dhearfach leis an bpróiseas de réir thosaíochtaí ár bpolasaí eachtraigh agus ár dtraidisiún.

Is tosaíocht d'Éirinn i gcónaí caomhnú na síochána, bainistíocht na héigeandála, coimhlintí a chosc, agus forbairt eacnamaíochta agus sóisialta, mar léiriú téagartha ar ár dtiomantacht don tsíocháin agus slándáil idirnáisiúnta. An chomhlántacht idir iarrachtaí na NA agus an AE chun cumais an chomhluadair idirnáisiúnta a láidriú chun coimhlintí a chosc agus an éigeandáil a bhainistiú - mar shampla sna Balcáin Thiar - beidh sí seo ina slat tomhais bharrthábhachtach ar an toradh rafar, agus is buanchuspóir í ag polasaí seachtrach na hÉireann. Tá Ard Rúnaí na NA tar éis fáiltiú roimh ar féidir leis an AE a dhéanamh chun tacú le bainistíocht éigeandála na NA. Go náisiúnta, leanfaidh Éire léi lena tiomantas traidisiúnta do chaomhnú síochána na NA, le páirt a ghlacadh i roinnt bearta síochána an AE, i Misean na NA chun na Libéire (UNMIL) ach go háirithe, mar a bhfuil complacht Éireannach de 430 ar freastal - an líon is mó ó aon tír in Iarthar na hEorpa chun gnó mar seo leis na NA san Afraic.

Déanfaidh Éire a cion chun bagairt bhorrach na sceimhlitheoireachta idirnáisiúnta a chloí.

Tá cur chun cinn chearta an duine mar bhunphrionsabal a stiúraíonn cumadh agus feidhmiú pholasaí eachtrach na hÉireann. Is bunghné den tslándáil idirnáisiúnta í freisin, cearta an duine a chur chun cinn. Sa chomhthéacs seo leanfar le polasaí eachtrach na hÉireann béim a chur ar a thábhachtaí is atá sé go bhforbrófaí go leanúnach an tacaíocht le caighdeáin idirnáisiúnta daonchearta agus le rialú an dlí, agus go gcloífaí leo sin i gcónaí.

I bpáirt leis an saol idirnáisiúnta, is ábhar imní d'Éirinn airm ollscriosta bheith ag dul i líonmhaireacht agus go n-úsáidfí iad. Ní foláir comhghníomhaíocht idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin seo in aghaidh ár slándála, trí na hiarrachtaí idirnáisiúnta chun dí-armála agus rialaithe arm. Leanfaidh Éire ag tógáil ar ár gcáil san obair seo maidir le clár dí-armála agus rialaithe arm a chur chun cinn, agus san áireamh ag an gComhdháil Athbhreithnithe ar an gConradh Frith-Líonmhaireachta Arm in 2005.

Tá caidreamh forleathan luachmhar déthaobhach ag Éirinn le líon de thíortha, agus iad ag dul i líonmhaireacht, a tógadh thar na blianta, agus iad bunaithe ar naisc stairiúla, ar chongaracht geografach, ar chaidreamh eacnamaíoch, trádála agus cultúrtha, agus ar chomhthóir ar luachanna agus chuspóirí comhchoiteanna. Ag saothrú ar bhonn dhea-thorthaí na hUachtaránachta, agus ar ár seal ar Chomhairle Slándála na NA, díreoidh an Rialtas ar chaidreamh déthaobhach na hÉireann le réimse leathan tíortha a threisiú. Le chois caidreamh a fhorbairt tuilleadh lenár gcomhpháirtithe reatha agus nua san AE, leagfar béim faoi leith ar chaidreamh a threisiú le comhpháirtithe tábhachtacha san Áise agus i Meiriceá Laidneach agus le tíortha ó dheas agus soir den Aontas Eorpach méadaithe. Cuspóir barrthábhachtach eile is ea ár gcaidreamh fíorthábhachtach leis na Stáit Aontaithe, an Rúis agus an tSín a fhorbairt tuilleadh. Féachfaimid

freisin lenár gcaidreamh a fhorbairt lenár gcomhpháirtithe sa Afraic, ag tógáil ar ár gcaidreamh déthaobhach agus ar ár gcláir chomhoibrithe forbartha.

Ar an leibhéal réigiúnach, tacóimid le hiarrachtaí an chomhluadair idirnáisiúnta tríd na NA, an AE, an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhoibriú san Eoraip (ESCE) agus trí Chomhairle na hEorpa chun comhshaol cóir idirnáisiúnta a chothú. Tacóimid freisin lenar féidir le heagraíochtaí réigiúnacha mar an Aontas Afracach a dhéanamh ar son na síochána agus na slándála ina gceantair féin.

An comhshaol seachtrach ina gcinnfimid ár bpolasaí eachtrach sa tréimhse 2005–2007, beidh sé faoi thionchar forbairtí i Stáit agus réigiúin eile ar nós:

– forbairt ar chaidreamh idir na Stáit Aontaithe, an Rúis agus an tSín agus mórthíortha eile, agus iontu
– dul chun cinn chun deireadh a chur leis an gcoimhlint Arabach-Iosraelach
– iarrachtaí chun síocháin agus cobhsaíocht a bhaint amach san Iaráic
– míchobhsaíocht leanúnach i gcodanna eile den Mheán-Oirthear agus den Afraic
– iarrachtaí chun staid chobhsaíoch a dhaingniú san Afganastáin
– na bagairtí a eascraíonn as easpa forbartha, athrú aeráide agus paindéimeanna amhail VEID/SEIF

Sainleasanna Eacnamaíocha na hÉireann Thar Lear

I dtimpeallacht ina bhfuil an iomaíocht ag dul i méid de shíor, caithfidh Éire díriú ar shaincheisteanna cumais iomaíochta agus ar jabanna is airde luach a chruthú. In aois seo na faisnéise, tá géarghá le gastacht, cruthaitheacht, líonrú agus éifeachtacht le haghaidh rathúnais eacnamaíoch. Beidh príomhionad ag na cáilíochtaí seo, freisin, i ról na Roinne agus í ag tacú le trádáil agus le hinfheistíocht eachtrach.

Is ar bhonn ratha ar easpórtálacha, agus an earnáil dhúchasach san aireamh, a chaomhnófar an fás láidir in Éirinn. Bainfidh an Roinn lánúsáid as acmhainní ghréasán na nAmbasáidí agus na gConsalachtaí Éireannacha chun cabhrú le gnólachtaí Éireannacha rochtain ar mhargaí agus margaí a choinneáil ar oscailt d'earraí Éireannacha. Oibreoidh sí go dlúth le Gníomhaireachtaí Stáit agus le Ranna eile chun nuadheiseanna margaidh a shainaithint agus le heolas a sholáthar faoi Éirinn mar roghapháirtí gnó agus mar ionad atá ar chaighdeán domhanda le haghaidh infheistíochta, taighde agus forbartha eolaíochta. Ach go háirithe, oibreoidh an Roinn chun na cuspóirí atá leagtha amach sa chéad chéim eile de *Straitéis Áise* an Rialtais a chur i gcrích.

Comhoibriú Forbartha

Tá an comhshaol ina bhfeidhmíonn an comhoibriú forbartha ag athrú go tapa. Ag an leibhéal idirnáisiúnta, aithnítear níos mó ná riamh nach mbraitheann todhchaí na dtíortha forbraíochta ar Chúnamh Forbartha Coigríche (CFC) amháin, ach, freisin, ar na polasaithe trádála infheistíochta, comhshaoil agus eile atá i bhfeidhm ag na tíortha forbartha. Tá idir dheiseanna agus dhúshláin ann do na tíortha forbraíochta san fhuadar chun domhandaithe atá ag síormhéadú.

Maidir le CFC, tá tuiscint ag fás gur gá an cúnamh seachtrach ar fad a chomhtháthú i gcláir chomhtháite faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht na dtíortha forbraíochta féin, seachas go mbeifí ag tacú le tionscadail ar leith atá á bhfeidhmiú ag deontóirí aonair. Chun aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le maoiniú i dtaobh an ghá atá tráthúil agus solúbtha,

soláthrófar cúnamh daonchairdiúil trí réimse leathan de mheicníochtaí, ar a mbeidh gníomhaireachtaí iltaobhacha, an Chrois Dhearg agus eagraíochtaí neamh-Rialtais.

Bunófar próiseas leathan comhchomhairleach i dtaobh na saincheisteanna seo go léir, agus as sin tiocfaidh Páipéar Bán ar pholasaí um Comhoibriú Forbartha.

Mar bhonn faoi pholasaithe Chomhoibriú Forbartha Éireann beidh Spriocanna Forbartha na Mílaoise, ar sraith iad de spriocanna comhaontaithe idirnáisiúnta, ar féidir iad a choimriú mar a leanas:

– *forbhochtaineas agus for-ocras a dhíothú*
– *bunoideachas do chách a bhaint amach*
– *comhionannas inscne agus cumasú ban a chur chun cinn*
– *básmhaireacht leanaí a laghdú*
– *sláinte na máithreacha a fheabhsú*
– *troid in aghaidh VEID/SEIF, na maláire agus aicídí eile*
– *inbhuaine an chomhshaol a chinntiú*
– *comhpháirtíocht dhomhanda ar son na forbartha a chothú*

Sa bhreis ar seo, cuirfear mar bhonnsraith faoin bpolasaí daonchairdiúil Tionscnamh an Dea-Dheontóra Dhaonchairdiúil, is é sin an chreatlach um ghníomhú daonchairdiúil a bhfuil cohmaontú idirnáisiúnta aige.

Cuirfidh pacáiste céimnithe trí bliana de mhéaduithe buiséid pleanáilte ar chumas na hÉireann ról treisithe go mór a ghlacadh sa chomhar forbartha idirnáisiúnta, ó thaobh bhainistiú agus chur chun cinn cláir. Gabhann deiseanna breise leis an ról nua seo, ach bíonn dualgais bhreise leis, freisin.

Faoi réir chinneadh an Rialtais ar an gclár díláraithe, déanfar socruithe ionas go n-aistreofar go héasca an Stiúrthóireacht um Chomhoibrú Forbartha go Luimneach sa chéad bhabhta den dílárú.

Seirbhísí Consalachta agus Pasanna

Le deich mbliana anuas, tá méadú mór tagtha ar líon na hÉireannaigh a théann thar lear, mar is léir ón móréileamh a tháinig go tapa ar phasanna agus sheirbhísí consalachta. In 2003 eisíodh a dhá oiread pasanna agus a eisíodh in 1996.

Tá méadú suntasach freisin ar líon na neamh-Éireannach a thagann go hÉirinn a mbíonn vóisaí uathu. In 2004, eisíodh 113,550 víosa i gcomparáid le 60,000 in 2000. Sna lár-nóchaidí bhíodh timpeall 6,000 iarratas ar víosaí.

Is cosúil go méadófar ar an éileamh ar sheirbhísí pas, consalachta agus víosa i rith thréimhse an Ráitis Straitéise, de réir mar a bhíonn geilleagar na hÉireann faoi bhláth. Is é dearcadh na Roinne Gnóthaí Eachtracha go mbaineann mórthábhacht ar fad le seirbhís den scoth a sholáthar don phobal. Sa chomhthéacs seo, tá an Roinn i mbun na gcéimeanna deiridh de mhórthionscadal lena córais agus a próisis a uasghrádú chun iarratais ar phasanna a láimhseáil. Is é an toradh a bheidh air seo ná seirbhís níos fearr don phobal, pasdoiciméad níos daingne agus córas eisiúna pasanna a bheidh níos éifeachtaí.

I Márta 2005 formheas an Rialtas go mbunófar Seirbhís Eadóirsithe agus Inimirce na Héireann (SEIE) mar oifig fheidhmiúcháin sa Roinn Dlíagus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Corpróidh antSeirbhís nua Rannóg Víosaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha, ah beidh an Roinn freagrach as seirbhís víosa a sholáthar trí na Misin taidhleoireacha agus Consalachta.

Is mórthosaíocht don Roinn é cosaint agus cúnamh consalachta a sholáthar do shaoránaigh Éireannacha thar lear. Le méadú ar an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta le blianta beaga, is mó an priacal atá ann do thaistealaithe idirnáisiúnta, agus cuireadh béim ar an tábhacht le Seirbhís Chonsalachta airdeallach inrochtana a sholáthar a bheidh in ann freagairt go gasta solúbtha ar ócáidí éigeandála cuma cá mbíonn siad.

Inniúlacht Inmheánach a Mhéadú

Caithfidh an Roinn Gnóthaí Eachtracha féachaint chuige go gcoinneoidh sí, agus go leanfaidh sí ag forbairt, na hinniúlachta inmheánaí is gá chun freastal ar chuspóirí pholasaí eachtraigh an Rialtais, i gcomhshaol idirnáisiúnta atá ag éirí níos casta agus níos éilithí. Sa chomhthéacs seo agus de réir na dtiomantas in *Clár don Rialtas* agus *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn* tá an Roinn mionnaithe a cuid straitéisí agus imeachtaí a ailíniú le Ranna Rialtais eile d'fhonn an t-uasmhéid sineirgeachta agus éifeachta a bhaint amach.

Aithníonn an Roinn go mbeidh rathúnas a cuid cuspóirí ag brath go criticiúil ar bhainistiú éifeachtach na ndaonacmhainní atá aici. Éileoidh sin de shíor foireann dhea-oilte, thaithíoch, spreagtha, leis an gcumas freagairt go solúbtha éifeachtach i gcónaí do thoscaí atá nua nó athraithe. Éilíonn sé freisin go bhforbróidh an Roinn a hinniúlacht chun measúnú a dhéanamh ar chórais agus ar an bhfheidhmíocht. Sa chomhthéacs seo, leanfaidh an Roinn le próiseas comhtháite pleanála gnó a fheidhmiú chun nasc a chruthú idir na spriocanna, cuspóirí agus straitéisí ardleibhéil atá sa Mhiseanráiteas, agus na spriocanna Rannáin agus Misin atá leagtha amach sna pleananna gnó bliantúla, agus le spriocanna na rólphróifílí atá ag oifigigh aonair agus a comhaontaíodh tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidmhíochta (CBFF). Tá straitéis chuimsitheach riartha priacail curtha ar bun ar an Roinn lena chinntiú go ndéantar priacail a mheasúnú agus a riar i gceart mar chuid riachtanach dá próisis déanta polasaí agus riaracháin. Tá tús curtha le straitéis sonraí a fhorbairt a shainaithneoidh riachtanais sonraí staitisticiúla na Roinne, agus a chuirfidh iad in ord tosaíochta, chun cuidiú le forbairt polasaí agus le saincheisteanna trasnála eile a bhaineann leis an Roinn.

Cruthaíonn struchtúr na Roinne, agus suas le 50% den fhoireann thar lear ag aon am amháin, deacrachtaí ar leith maidir le léirstraitéis éifeachtach a chruthú le haghaidh gnó agus cúrsaí forbartha foirne. Ina theannta sin, baineann mórán réimsí d'obair na Roinne le saincheisteanna agus le dualgais a chuimsíonn obair roinnt Rannán éagsúil. Dá bharr sin, tá córas "treoraonad" tugtha isteach ag an Roinn, a shannaíonn treordhualgais chun comhordú a dhéanamh feadh na Roinne maidir le réigiúin geografacha nó saincheisteanna ar leith. Leis an gcóras nua seo, tá feabhas tagtha ar chumas na Roinne déileáil go héifeachtach le tosaíochtaí polasaí eachtracha agus baile.

Braithfidh an rath go mór freisin ar mhórthionscnamh nuachóirithe a fheidhmiú ar bhonn na comhpháirtíochta. Leanfaidh an Roinn leis an bpróiseas comhpháirtíochta a fhorbairt, a bhfuil cion déanta aige cheana féin chun roinnt mórthionscnamh maidir le bainistíocht an athraithe a

fheidhmiú go rathúil. Cuimsíonn siad seo feidhmiú an Chórais um Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbartha (CBFF), forbairt Straitéise um Bainistíocht Daonacmhainní agus Straitéisí Oiliúna agus Forbartha. Beidh rathúnas ag brath go criticiúil, freisin, ar chóras athraithe a fheidhmiú go leanúnach ar bhonn comhpháirtíochta. Bhí ról lárnach ag Coiste Comhpháirtíochta maidir le Plean Gníomhaíochta um Nuachóiriú na Roinne a ullmhú agus freisin na Tuarascálacha um dhul Chun Cinn a ullmhú a chuirtear faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse go tráthrialta.

Tá an Roinn lántiomanta do na prionsabail chomhionannais atá leagtha amach sa reachtaíocht. Leanfaimid orainn ag caomhnú agus ag treisiú leis an raon deiseanna agus cúinsí oibre atá áisiúil do theaghlaigh agus atá ar fáil don fhoireann faoi láthair.

Toisc go bhfuil scaipeadh leathan geografach ar an bhfoireann, is dúshlán don Roinn é córais éifeachtacha cumarsáide a fhorbairt go hinmheánach. Tá an Roinn tiomanta, áfach, córais éifeachtacha a fhorbairt chun acmhainní faisnéise na Roinne a riaradh, a scaipeadh, a stóráil agus a aisghabháil. Tá céimeanna forbartha inlín go maith chun tosaigh. Tá straitéis chuimsitheach um chumarsáid inmheánach á forbairt freisin.

Tacóidh an Roinn le tionscnamh an Rialtais um Scothsheirbhís don Chustaiméir a chur chun cinn ar feadh thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Díreofar go háirithe ar na tiomantais atá inár gCairt Chustaiméara agus inár bPlean Gníomhaíochta Custaiméara. Cuimsíonn na tiomantais sin go gcinnteofar go mbeidh ár seirbhísí agus ár n-áiseanna go léir inrochtana dár gcustaiméirí go léir, agus san áireamh daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu, agus go gcomhlíonfar forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Tá ar intinn go ndílárófar an Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha go Luimneach laistigh de thréimhse an Ráitis Straitéise seo. Riarfaidh an Roinn an tionscadal tosaíochta seo sa chaoi nach mbeidh ach a laghad cur isteach ar leanúnachas na hoibre. Cuirfear seirbhísí tacaíochta ar fáil freisin don fhoireann lena mbaineann an tionscadal díláraithe, bídís ag dílárú go Luimneach nó ag aistriú go rannóg nó go Roinn eile.

Saincheisteanna Tras-Ranna

Aithníonn an Roinn go bhfuil gá le straitéisí seachadta seirbhísí atá níos comhordaithe agus níos éifeachtaí i gcomhar le Ranna eile maidir le feidhmeanna agus réimsí dualgais forluite. Sainaithnítear roinnt ceisteanna tábhachtacha tras-Ranna, agus táthar ag díriú orthu mar thosaíocht gníomhaíochta.

Saincheist	Ranna / Gníomhaíochtaí eile i gceist	Gníomhaíocht a theastaíonn ón RGE
Tuaisceart Éireann agus Caidreamh Angla-Éireannach	R/Taoisigh; an R/DCCAD (go príomha); gach Roinn atá bainteach le hobair Chomhairle na Breataine / na hÉireann agus an Chomhairle Airí Thuaidh–Theas	– Comhordú straitéisí
Caidreamh Idirnáisiúnta		
– Buanchoiste Idir-Ranna na Síochánaíochta	R/Cosanta; R/DCCAD	– Polasaí síochánaíochta na hÉireann a fhorbairt
– Coiste idir-Ranna ar Shaincheisteanna de chuid na NA	R/Cosanta; R/DCCAD	– Cur chuige comhordaithe a fhorbairt maidir le saincheisteanna trasnálacha i bhfóraim na NA
– Cearta an Duine	R/DCCAD; An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chiníochas agus Idirchultúrachas	– A chinntiú go bhfeidhmeofar tiomantais na hÉireann maidir le cearta an duine
– Comhréimniú dídeanaithe agus frithchiníochas	R/DCCAD (go príomha); Ranna Rialtais ábhartha eile	-- Foirmiú agus feidhmiú polasaithe maidir le polasaithe comhréimnithe dídeanaithe agus frithchiníochais
– Feidhmiú Rúin Chomhairle Slándála na NA 1267, 1373, agus Rúin ábhartha eile faoi ghníomhú in aghaidh na sceimhlitheoireachta idirnáisiúnta	R/DCCAD; R/Airgeadais; R/Cosanta; R/CMAN, R/GPTG agus Oifig an Ard-Aighne	– Feidhmíocht trasna na Ranna a chomhordú
- Daingniú an 12 choinbhinsiún dhomhanda ar fad i leith sceimhlitheoireachta.	R/DCCAD.	– Féachaint leis an bpróiseas daingnithe a chríochnú in 2005
- Polasaí Slándála agus Cosanta na hEorpa (PSCE) agus feidhmeanna daonnachta agus bainistíochta géarchéime	R/Cosanta; R/DCCAD	Comhordú ar rannpháirt na hÉireann i bhfeidhmeanna dá sórt faoi réir údarú na NA, chinneadh an Rialtais agus fhaomhadh na Dála
An tAontas Eorpach	Gach Roinn	Comhordú Straitéisí

Caidreamh Eacnamaíoch Déthaobhach		
– Tuilleamh eachtrach	R/FTF; R/TB; R/OE; R/CMAN; R/EST agus gníomhaireachtaí gaolmhara	– Leanúint den obair chun caidreamh eacnamaíoch déthaobhach na hÉireann a chothú
– Straitéis na hÁise	R/OE; R/FTF R/TB; R/CMAN agus gníomhaireachtaí gaolmhara	– Leanúint den obair chun eolas a mhéadú sar Éirinn san Áise agus ar an Áise in Éirinn; agus naisc thrádála a neartú
– FAE	R/OE; R/FTF	– Leanúint den obair chun malartuithe cultúir, oideachais agus duine-le-duine a chothú idir Éirinn agus an Áise
Cúnamh Forbartha Coigríche - Gníomhú i dtreo Spriocanna Forbartha na Mílaoise	Ranna Éagsúla	- Lean leis an obair chun Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhain amach, i dteannta le Ranna ábhartha eile Rialtais
– Comhtháiteacht	Gach Roinn	– A chinntiú go gcuirtear cúraimí na dtíortha forbraíochta san áireamh i bhfoirmiú polasaithe an Rialtais
– Forbairt Inbhuanaithe	R/CORÁ	– Forbairt inbhuanaithe a chothú i bpolasaí náisiúnta & idirnáisiúnta
– Fiachas	R/Airgeadais	– Straitéis nua Fiachais na Roinne Airgeadais–Comhoibriú Forbartha Éireann a chur chun cinn ag an mBanc Domhanda & an CAI (Ciste Airgeadais Idirnáisiunta)
– An Deighilt Dhigiteach	R/CMAN	- Polasaí náisiúnta a fhorbairt chun úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chur chun cinn sna tíortha forbraíochta
Saincheisteanna Dlí - Caidreamh dlíthiúil idirnáisiúnta	Ranna éagsúla	- Cinntigh go bhfeidhmíonn Éire go gníomhach i bhfóraim dlíthiúla idirnáisiúnta ag Comhairle na NA don Eoraip agus ag leibhéal an AE
– Cásanna um Chearta an Duine (NA, an Ghinéiv, Strasbourg)	Gach Roinn	- Cinntigh go bhfuil ionadaíocht shásúil ag Éirinn i gcásanna um chearta an duine i bhfóraim idirnáisiúnta
– Poibliú na gConarthaí	Gach Roinn	- Foilsigh mar is cuí na conarthaí idirnáisiúnta sin a bhfuil Éire páirteach iontu trí Shraith Conarthaí , a bheidh ar shuíomh gréasáin na Roinne, a bhunú agus a chothú

Cúrsaí Consalachta – Eisiúintí Víosa	R/DCCAD; R/FTF	– Cinntigh comhoibriú éifeacht maidir le cúrsaí víosaí agus víosaí oibre / údaráis oibre
Cultúrtha – Comhaontaithe cultúir - Cur chun cinn Cultúrtha	R/EST Cultúr Éireann	– Feidhmiú comhaontuithe déthaobhacha cultúir le tíortha iasachta - Feidhmigh le Cultúr Éireann chun na hEalaíona a chur chun cinn thar lear.
Prótacal – Cuairteanna ardleibhéil chuig agus ó Éirinn	Áras an Uachtaráin, Ranna Rialtais, Oifigí agus Gníomhaireachtaí, Comhlachtaí Leath-Stáit, agus Eagraíochtaí Neamh-Rialtais a bhaineann le hábhar	—Pleanáil agus stiúi cuairteanna an Uachtaráin thar lear agus cuairteanna ag Cinn Stáit, Cinn Rialtais, Airí Eachtracha agus cuairteoirí ardleibhéil eile isteach anseo
Seirbhísí d'Eisimircigh - Tionscnaim a chur chun cinn a thógann ar thuarascáil an Tascfhórsa um Polasaí i leith Eisimirceach - Comhtháiteacht	Go háirithe, R/GST; R/SL; R/OE;R/CMAN; R/CORÁ Gach Roinn	-- Comhordaigh soláthar tacaíocht Rialtais d'eisimircigh Éireannacha, do dhaoine ag smaoineamh ar dhul ar imirce agus dh dhaoine ar mian leor filleadh go hÉirinn -Léan lena chinntiú go gcuirtear san áireamh nithe is cás leis na heisimircigh

<u>Eochair na nGiorrúchán</u>:

R/DCCAD	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
R/CMAN	Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha
R/CORÁ	Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
R/EST	Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
R/FTF	Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
R/OE	Roinn Oideachais agus Eolaíochta
R/SL	Roinn Sláinte agus Leanaí
R/TB	Roinn Talmhaíochta agus Bia
R/GST	Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
FAE	Fundúireacht na hÁise-na hEorpa

Cuid 4: CUSPÓIRÍ, STRAITÉISÍ AGUS TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA DON TRÉIMHSE 2005 – 2007

Na cuspóirí, straitéisí agus príomh-tháscairí feidhmíochta a leagtar amach sna míreanna seo a leanas, léiríonn siad polasaithe ábhartha an Rialtais sa *Chlár don Rialtas* agus sa Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta reatha, *Ag Coinneáil an Dul Chun Cinn*. Cuimsíonn siad, freisin, tionscnaimh ábhartha thrasnálacha Rialtais, ar a n-áirítear *"Deich mbliana de Straitéis na hÁise 1999-2009"* agus *"Naisc Nua"* (straitéis an Rialtais chun acmhainn na Sochaí Faisnéise a réadú), saincheisteanna comhionannais a cuireadh chun cinn le déanaí trí reachtaíocht agus pholasaithe, agus trí Straitéisí Náisiúnta um Bochtaineas agus Míchumas. An anailís ar an gcomhshaol oibre i gCuid a Trí den Ráiteas Straitéise, tá treoir tugtha aici, freisin don Roinn chun a cuspóirí agus a tosaíochtaí straitéiseacha do na trí bliana romhainn a shainaithint.

1. Tuaisceart Éireann agus Caidreamh Angla-Éireannach

Tugann an Roinn comhairle don Rialtas ar gach ceist ábhartha faoina chuspóirí buansíochána a chinntiú i dTuaisceart Éireann, go háirithe trí lánfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta, trí dhaingniú a chuid foras, agus trí spiorad cairdis agus comhoibrithe a fhorbairt idir Tuaisceart agus Deisceart, agus ar fud na n-oileán seo.

Cuspóir: *Cabhrú leis an Aire Gnóthaí Eachtracha spriocanna polasaí an Rialtais maidir le Tuaisceart Éireann agus le caidreamh Angla-Éireannach a chur i gcrích, agus go háirithe lánfheidhmiú Chomhaontú Aoine an Chéasta*

Straitéisí:

1. Déan monatóireacht agus measúnú ar fhorbairtí laistigh de Thuaisceart Éireann agus cothaigh líonra cuimsitheach de naisc ann chun uastuiscint a fháil ar dhearcaí agus, ar an taobh eile, meas níos fearr a chothú ar pholasaithe an Rialtais

2. Tacaigh le agus déan monatóireacht ar institiúidí an Chomhaontaithe, agus san áireamh obair Chomh-Rúnaíocht Chomhairle Airí Thuaidh/Theas in Ard Mhacha, Rúnaíocht Chomhairle na Breataine-na hÉireann agus Rúnaíocht Chomhdháil Idir-Rialtais na Breataine-na hÉireann i mBéal Feirste

3. Comhordaigh polasaí le Roinn an Taoisigh, leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus le Ranna ábhartha eile maidir le Tuaisceart Éireann agus saincheisteanna Angla-Éireannacha

---

Cuspóir: *Cothaigh comhpháirteachas ar an oileán agus san áireamh trí Chomhairle na nAirí Thuaidh-Theas agus institiúidí eile an Chomhaontaithe, agus mar sin an caidreamh eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha a neartú idir an dá chuid d'oileán na hÉireann*

Straitéis:

1. Cuir le forbairt an chomhair agus na comhghníomhaíochta Thuaidh/Theas, agus comhordaigh inchur Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit sa réimse seo

---

Cuspóir*: Cothaigh síocháin agus cobhsaíocht trí ghnéithe an Chomhaontaithe a bhaineann le póilíniú, cóir agus slándáil a fheidhmiú*

Straitéis:

1. Déan comhthadhall leis na na páirtithe cuí, agus Rialtas na Breataine san áireamh, chun tacú sa bhreis le feidhmiú an Chomhaontaithe maidir le póilíniú, cóir, normálú slándála agus saincheisteanna eile a bhaineann le muinín, ar a bhfuil páráidí, fiosrúcháin agus ceisteanna iar-choimlinte.

Cuspóir: *Tacaigh le próiseas na síochána i dTuaisceart Éireann agus sna contaetha teorann trí ranníoc le haghaidh forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, go háirithe sna pobail is mó mí-bhuntáiste.*

Straitéis:

1. Bain uasleas as an maoiniú atá ar fáil ón gCiste Idirnáisiúnta d'Éirinn agus Peace II chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a spreagadh i gcomhluadair imeallacha

Cuspóir: *Spreag athmhuintearas idir traidisiúin na haontachta agus an náisiúnachais in Éirinn*

Straitéisí:

1. Spreag cumas inmheánach tógála sna pobail Aontachta agus Náisiúnta i dTuaisceart Éireann chun tadhall trasphobail a chur chun cinn agus a threisiú

2. Cothaigh agus tacaigh le tionscnaimh athmhuintearais agus naisc thrasphobail

Cuspóir : *Forbair tuilleadh an dlúthchaidreaamh dearfach atá idir an Bhreatain agus Éire*

Straitéisí:

1. Tacaigh le comhoibriú éifeachtach Chomhdháil Idir-Rialtais na Breataine-na hÉireann agus Chomhairle na Breataine-na hÉireann

2. Lean le caidreamh na Breataine-na hÉireann a fhorbairt, agus san áireamh trí obair Chomhlacht Idir-Pharlaiminte na Breataine-na hÉireann agus trí ghníomhaíochtaí na hAmbasáide i Londain agus na gConsalachtaí i nDún Éideann agus Caerdydd chun tadhall déthaobhach ar gach leibhéal a chur chun cinn

Cuspóir : *Forbair tacaíocht idirnáisiúnta do pholasaithe an Rialtais maidir le Tuaisceart Éireann agus caidreamh na Breataine-na hÉireann*

Straitéis:

1. Lean le caidreamh a fhorbairt agus a chomhordú le Rialtas agus le Comhdháil na SA agus gabh páirt ghníomhach lenár gcomhpháirtithe san AE agus eile chun tacú leis an gComhaontú agus le próiseas na síochána

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. An dul chun cinn a dhéantar ar fheidhmiú gach gné de Chomhaontú Aoine an Chéasta

2. Éifeacht na socruithe chun tacú le feidhmiú na n-institiúidí a bunaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta

3. Éifeacht na socruithe a rinneadh le Ranna eile chun forbairt polasaí agus straitéisí a chomhordú ar shaincheisteanna Angla-Éireannacha agus um Thuaisceart Éireann

4. Caidreamh treisithe le réimse leathan d'ionadaithe as gach traidisiún i dTuaisceart Éireann, d'fhonn tacaíocht le Comhaontú Aoine an Chéasta a leathnú agus a dhoimhniú

5. Tacaíocht leanúnach ó na Stáit Aontaithe, ón AE agus ó dhreamanna eile le Comhaontú Aoine an Chéasta agus próiseas na síochána a fheidhmiú

2. An tAontas Eorpach

Is rud buantábhachtach fhuaimintiúil d'Éirinn a ballraíocht san AE. Soláthraíonn an tAontas an comhthéacs le rathúnas, fostaíocht, forbairt inbhuanaithe, síocháin agus slándáil a chur chun cinn in Éirinn, san Eoraip agus sa domhan mór. Is fearr is féidir le hÉirinn a cuspóirí a bhaint amach laistigh den Aontas, mar a léiríodh le déanaí le linn a hUachtaránachta, trí bheith ag croílár gníomhaíochtaí an Aontais.

Éilíonn cur chuige straitéiseach comhtháite go ndéantar socruithe éifeachtúla le haghaidh comhordú polasaí laistigh den riarachán Éireannach. Tá freagracht ar leith ar an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus í ag obair go dlúth le gach Roinn eile, agus Roinn an Taoisigh go sonrach, chun freagairt chomhordaithe a chinntiú i dtaca le raon saincheisteanna an AE. Tá ról lárnach ag Buanionadaíocht na hÉireann sa Bhruiséil chun leasanna na hÉireann a chur chun cinn san AE.

Tá sé tábhachtach go n-aireofar an tAontas, mar a fhorbraíonn sé, mar rud atá inrochtana agus ábhartha ag pobal na tíre.

Le deich mBallstát nua tar éis teacht isteach, agus aontú déanta ar Bhunreacht Eorpach, tá uain tábhachtach athraigh buailte leis an Aontas. Leanfaidh an próiseas méadaithe ar aghaidh. Sa tréimhse romhainn beidh daingniú an Bhunreachta Eorpaigh ina mhórcheist don Aontas. Má dhaingnítear é, ní foláir tabhairt faoina fhorálacha tábhachtacha leathana a fheidhmiú. De réir mar a bhíonn toradh na hidirbheartaíochta ar mhaoiniú an Aontais, múnlófar go suntasach tosaíochtaí polasaí an Aontais go dtí 2013. Is gné le tábhacht bhreisiúil a bheidh i bhforbairt caidrimh dhéthaobhaigh lenár gcomh-Bhallstáit go léir agus le tíortha atá ag iarraidh teacht isteach.

Tá feabhas á chur ar chumas an Aontais Eorpaigh cion a dhéanamh don tsíocháin, don tslándáil agus don chobhsaíocht idirnáisiúnta, de bharr feabhsuithe breise ar a Chomhpholasaí Eachtrach agus Slándála agus trí fhorbairt ar a chumas feidhmíochta i leith coimhlintí a chosc, agus i leith tascanna daonchairdiúla agus éigeandála a riar. Cruthóidh siad siúd agus forbairtí eile dúshláin agus deiseanna móra don Aontas agus dá Bhallstáit, agus éileoidh siad freagairt straitéiseach ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus ó chóras riaracháin na hÉireann ina iomlán.

Cuspóir : *Cosain agus cothaigh sainleasanna na hÉireann san Aontas Eorpach, agus chuige sin forbair agus lean freagairt straitéiseach chomhordaithe shoiléir i dtaca lena chlár leanúnach agus lena fhorbairt amach anseo*

Straitéisí:

1. Soláthraigh comhairle agus tacaíocht dhea-dhírithe thráthúil don Rialtas, atá bunaithe ar shainleasanna straitéiseacha na hÉireann agus ar fhorbairtí laistigh den Aontas Eorpach

2. Forbair caidreamh déthaobhach le Ballstáit eile, agus dlúthchaidreamh le hInstitiúidí an AE, chun comhthuiscint níos fearr a éascú ar chúraimí polasaí an AE agus chun freagraí comónta ar fhadhbanna a spreagadh

3. Lean ar aird a dhíriú go háirithe ar an gcaidreamh déthaobhach leis an Ballstáit nua a threisiú, agus mar an gcéanna leis na tíortha atá tar éis teacht isteach agus le tíortha atá ina n-

iarratasóirí, trí Mhisin taidhleoireachta cónaitheacha a oscailt, trí oiliúint agus cúnamh teicniúil a sholáthar agus trí chaidreamh dé thaobhach a fhorbairt.

4. Féach le dlúthchomhordú ar cheisteanna AE a chinntiú laistigh den Roinn, agus na Misin thar lear san áireamh, agus idir Ranna, agus coinnigh an fheidhm chomhordaithe faoi athbhreithniú leanúnach lena feabhsú, más féidir

5. Oibrigh le Ranna eile Rialtais agus leis an Oireachtas chun socruithe an Oireachtais maidir le ceisteanna AE a ghrinnscrúdú a fheidhmiú go héifeachtach

6. Cuidigh le breis feasachta poiblí, agus le díospóireacht phoiblí níos leithne, ar fhorbairtí laistigh den AE, agus meabhraigh conas is fearr is féidir clár gnó leanúnach an AE a chur i láthair an phobail

---

Cuspóir: *Próiseas daingnithe an Bhunreachta Eorpaigh*

Straitéisí:

1. Tabhair comhairle agus faisnéis don Rialtas ar gach gné den phróiseas daingnithe, in Éirinn agus i mBallstáit eile an AE

2. Forbair tuiscint phoiblí ar an mBunreacht Eorpach, go háitithe le linn na tréimhse athmhachnaimh agus comhphléite a tugadh le fios i Meitheamh 2005.

3. Ullmhaigh le haghaidh feidhmiú an Bhunreachta Eorpaigh tár éis dó teacht in éifeacht

---

Cuspóir: *Cuir seasamh náisiúnta na hÉireann chun cinn san idirbheartaíocht ar an gCreat Airgeadais le haghaidh 2007-2013*

Straitéisí:

1. Comhordaigh agus forbair, in éineacht leis an Roinn Airgeadais agus Ranna eile, ár gcur chuige san idirbheartaíocht ar Chreat Airgeadais an Aontais le haghaidh 2007-2013

2. Sainaithin, cuir i láthair, agus cuir chun cinn barrleasanna na hÉireann san idirbheartaíocht lena chinntiú go mbeidh lánsásamh agus lánchosaint ag ár leasanna náisiúnta

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1 An méid a bhfuil cúraimí na hÉireann le sonrú i bhforbairt, i bhdeidhmiú agus in athchóiriú (inmheánach agus seachtrach) pholasaithe an AE

2 Éifeacht an tadhaill agus an chomhordaithe le Ranna eile agus lenár Misin thar lear, agus go háirithe leis an mBuanionadaíocht sa Bhruiséil, maidir le cur chuige na hÉireann i leith polasaithe an AE a fhorbairt, agus leasanna na hÉireann a chur chun cinn i dtaca leo sin

3 An méid a ndéantar caidreamh déthaobhach le Ballstáit eile san AE a fhorbairt agus a threisiú, go sonrach mar bhealach chun cúraimí tosaíochta na hÉireann a chur ar aghaidh

4 Éifeacht an chuidithe chun rath ar mhéadú breise an AE, agus an méid a fhorbraítear ár gcaidreamh le tíortha atá ag iarraidh teacht isteach agus le comharsana eile

5 Caighdeán, tráthúlacht agus cruinneas na dtuairiscí agus an ábhair faisnéise a chuirtear ar fáil

6 Eolas agus plé níos fairsinge i measc an phobail ar shaincheisteanna an AE

3. Ról na hÉireann sa Domhan

Tá buanspéis ag Éirinn i gcomhshaol idirnáisiúnta atá cobhsaí, daingean, cuimsitheach agus comhoibritheach. Trínár gcaidreamh déthaobhach agus ár mballraíocht in eagraíochtaí agus i bhfóraim idirnáisiúnta, leanfaimid sa tóir ar shainleasanna na hÉireann ina leith seo, ar shlí a bheidh lán-chomhsheasmhach le polasaí eachtrach na hÉireann, lena n-áirítear ár bpolasaí i leith neodrachta míleata.

Na Náisiúin Aontaithe

Cuspóirí: - *Brúigh sainleasanna agus slándáil na hÉireann ar aghaidh trínár dtiomantas don tsíocháin, shlándáil agus chobhsaíocht idirnáisiúnta agus ár dtóir orthusan; trí rialú an dlí, réiteach síochánta ar chonspóidí agus chaomhnú chearta an duine*

- *Neartaigh ról na NA mar uirlis éifeachtach i gcúrsaí forbartha eacnamaíocha agus sóisialta*

Straitéisí:

1. Seas le dualgas príomhúil Chomhairle Slándála na NA, an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chothú

2. Tacaigh le leasú chóras na NA, agus san áireamh leasú na Comhairle Slándála agus athspionnadh Thionól Ginearálta na NA

3. Cuir chuig Dearbhú Mílaoise na Náisiún Aontaithe a fheidhmiú agus Spriocanna Forbartha na Mílaoise a bhaint amach

4. Cinntigh feidhmiú smachtbhannaí Chomhairle Slándála na NA agus an AE, in éineacht le Ranna Rialtais eile, leis an mBanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann

5. Leis an R/Cosanta agus an R/Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, déan comhordú chun páirteachas na hÉireann a éascú, mar is cuí agus ó chás go cás, in imeachtaí daonchairdiúla agus bainistíochta éigeandála sna réimsí míleata agus sibhialta, agus imeachtaí PESC san áireamh, faoi réir riachtanais údaraithe na NA agus chead an Rialtais agus na Dála.

6. Meas agus forbair, tríd an mBuanchoiste Idir-Ranna um shíochánaíocht, polasaí síochánaíochta na hÉireann

Polasaí Slándála:

Cuspóirí*:* - *Forbair tuilleadh polasaí eachtrach na hÉireann i gcomhthéacs Chomhpholasaí Eachtrach agus Slándála (CPES) an AE, trína dtreisítear go mór glór na hÉireann sa domhan, agus lean ar lánpháirt a ghlacadh i bhforbairt an CPES le haird ar ár sainleasanna agus ár sainchuspóirí féin*

- *Cinntigh príomhról d'Éirinn i gcosc coimhlintí agus i mbainistíocht éigeandála, agus an tsíochánaíocht san áireamh*

Straitéisí:

1. Déan cion gníomhach chun cur le CPES an AE agus a chinntiú go mbeidh sainleasanna agus tosaíochtaí na hÉireann le sonrú i gcónaí ar fhorbairt bhreise sa CPES

2. Cuir le forbairt chumais an AE chun coimhlintí a chosc agus chun tabhairt faoi thascanna daonchairdiúla agus bainistíochta éigeandála, trí leathnú a dhéanamh ar an bPolasaí Eorpach um Shlándáil agus Chosaint (PESC) de réir phrionsabail na NA agus ESCE

3. Glac páirt ghníomhach in eagraíochtaí idirnáisiúnta a bhaineann le síocháin agus slándáil, agus ár gcur chuige a bheith bunaithe ar choincheap an chomhair threisithe fhrithpháirteach idir na NA, an ESCE agus an AE

4. Glac páirt in imeachtaí sa Chomhairle Comhpháirtíochta Eorpach-Atlantach agus sa Chomhpháirtíocht ar son Síochána a chuireann cuspóirí na hÉireann chun cinn, go háirithe d'fhonn feabhas a chur ar chumas na bhFórsaí Cosanta obair síochánaíochta a dhéanamh le húdarás na NA

Cearta an Duine

Cuspóir*: Cothaigh agus forbair a bhfuil á dhéanamh ag Éirinn le hiarrachtaí idirnáisiúnta chun urraim agus cosaint a chinntiú do chearta an duine agus do na bunsaoirsí atá mar bhonn le síocháin agus cearta idirnáisiúnta*

Straitéisí:

1. Cinntigh go ndéanfar tiomantais na hÉireann a chomhlíonadh i réimse chearta an duine, agus san áireamh ag leanúint le daingniú na bpríomhionstraimí idirnáisiúnta nach bhfuil Éire páirteach iontu go fóill, agus ag obair mar is cuí leis na Ranna Rialtais ábhartha eile

2. Glac páirt ghníomhach i gCoimisiún na NA um Chearta an Duine agus sa Tríú Coiste de Mhór-Thionól na NA

3. Oibrigh i gcomhar le stáit atá ar aon intinn linn, agus tríd an nGréasán Slándála Daonna, chun cearta an duine a fheabhsú

4. Cuir le foirmiú agus feidhmiú polasaithe maidir le himeascadh dídeanaithe agus an frithchiníochas. Go háirithe, éascaigh socruithe chun go gcomhlíonfar dualgais na hÉireann faoi Chlár Athlonnaíochta UNHCR

5. Forbair prótacal, tríd an mBuanchoiste Idir-Ranna um Chearta an Duine, chun ardleibhéal comhoibrithe a chinntiú idir Ranna Rialtais agus an Coimisiún um Chearta an Duine

6. Lean le forbairt an chaidrimh idir an Aonad um Chearta an Duine agus eagraíochtaí neamhrialtais a bunaíodh tríd an gComhchoiste Buan um Chearta an Duine

7. Cuir le gníomhaíochtaí Chomhairle na hEorpa agus an ESCE chun an daonlathas a dhaingniú san Eoraip, agus caighdeáin um chearta an duine a chinneadh

Dí-armáil

Cuspóirí: - *Féach le hairm núicléacha a lándíothú agus le haon iomadú breise ar acmhainn airm núicléach a chosc*

- *Féach chuige go bhfeidhmeofar agus go neartófar na conarthaí a choisceann úsáid, stocthiomsú, táirgeadh agus aistriú arm ceimiceach agus bitheolaíoch*

- *Tóraigh díothú na mianaí talún frithphearsanra, laghdú na bagartha a chruthaíonn déanamh agus úsáid arm mídhaonna, agus laghdú ar ró-charnadh mionarm agus arm éadtrom lena dtorthaí éagobhsaithe, inter alia trí theorainneacha éifeachtacha a chur le trádáil arm*

Straitéisí:

1. Lean le linn timthriallta athbhreithnithe an Chonartha um Neamhiomadú Arm le cothú na gcéimeanna is gá chun feidhm a thabhairt don Chlár Nua um Dhomhan Neamhnúicléach a Bhaint Amach, mar a glacadh leis sa Doiciméad Deiridh de Chomhdháil Athbhreithnithe an Chonartha um Neamhiomadú i mBealtaine 2000

2. Cuir le feidhmiú Straitéis an AE um Neamhiomadú Arm Ollscriosta

3. Cuir le hiarrachtaí chun cosaintí neartaithe na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Núicléacha leathnú

4. Tacaigh le hiarrachtaí na hEagraíochta um Airm Cheimiceacha a Chosc chun leorchóras cigireachta a sholáthar le haghaidh scrios na stocthiomsuithe d'airm cheimiceacha

5. Lean le tacaíocht don obair atá ar siúl sa Choinbhinsiún um Airm Bhitheolaíocha agus Tocsaineacha chun creat deimhniúcháin a bhunú

6. Cabhraigh le domhandú an Choinbhinsiúin um Chosc Mianaí agus lena lánfheidhmiú, lena n-áirítear tacaíocht bhreise a thabhairt d'athshlánú íobartaigh na mianaí

7. Cabhraigh le forbairt na rialachán idirnáisiúnta a laghdóidh an fhulaingt as éadan ó ordanás neamhphléasctha agus ó iarmhairtí pléascacha eile cogaidh

8. Cuidigh le feidhmiú gach gné de chlár na Náisiún Aontaithe, *An Clár Gníomhaíochta chun an Trádáil Mhídhleathach i Mionairm agus Airm Éadroma Chosc, a Throid agus a Dhíothú*

Sceimhlitheoireacht

Cuspóir: *Comhoibriú idirnáisiúnta breise a chur chun cinn sa troid in aghaidh na sceimhlitheoireachta, go déthaobhach agus trí na heagraíochtaí iltaobhacha ábhartha, agus na NA, an AE, ESCE agus Comhairle na hEorpa san áireamh, agus béim ar an ngá le cúram a dhéanamh i gcónaí de chearta an duine sa troid in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus chun réití polaitiúla a lorg ar fhadhbanna idirnáisiúnta agus réigiúnacha is ábhar tacaíochta agus earcaíochta don sceimhlitheoireacht*

Straitéisí:

1. Ag baint úsáid as an tuiscint speisialta agus an eolas a thagann as ár dtaithí náisiúnta féin, glac páirt iomlán i ngníomhaíochtaí comhlachtaí idirnáisiúnta atá ag tabhairt faoi na fadhbanna a thagann as an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta

2. Lean lenár mbaint leis an obair atá ar siúl ag na Náisiúin Aontaithe i gcoinne na sceimhlitheoireachta, ag tógáil go háirithe ar an dlúthchaidreamh a d'fhorbair Éire leis na príomhchoistí a bunaíodh faoi rúin ábhartha na Comhairle Slándála, agus san áireamh an Coiste Frith-Sceimhlitheoireachta agus a Stiúrthóireacht Fheidhmeannach, an Coiste um Smachtbhannaí Talaban agus Al-Qaida agus na fo-ghrúpaí monatóireachta

3. Oibrigh lenár gcomhpháirtithe san AE chun a chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na tiomantais a tugadh i nDearbhú an AE in aghaidh na Sceimhlitheoireachta, ar glacadh leo faoi Uachtaránacht na hÉireann i ndiaidh na mbuamaí i Maidrid. Go sonrach, cothaigh an móiminteam chun na sainfhorálacha atá i bPlean Gníomhaíochta Leasaithe an AE sa Troid in aghaidh na Sceimhlitheoireachta a fheidhmiú laistigh de na teorainneacha ama comhaontaithe.

4. Glac páirt sna hiarrachtaí chun an troid in aghaidh na sceimhlitheoireachta a a chomhtháthú go hiomlán i bpolasaí seachtrach an AE. Go háirithe, trí dhialóg le tríú stáit, oibrigh chun go ndaingneoidh agus go bhfeidhmeoidh na stáit go léir an 12 Choinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an sceimhlitheoireacht

5. Comhordaigh le Ranna eile feidhmiú intíre na mbearta in aghaidh na sceimhlitheoireachta idirnáisiúnta, go háirithe na cinn a bhaineann le múchadh mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, de réir Rúin ábhartha Chomhairle Slándála na NA agus Rialacháin an AE

6. Cuir le forbairt straitéisí frith-sceimhlitheoireachta san ESCE agus i gComhairle na hEorpa, i gcomhthéacs an luí áirithe agus na réimsí taithí atá ag gach eagraíocht

An Afraic

Cuspóir: *Lean sa tóir ar chuspóirí na síochána agus na cobhsaíochta san Afraic, go déthaobhach agus trínar mballraíocht in eagraíochtaí idirnáisiúnta*

Straitéisí:

1. Féach chuige go leanann an tAontas Eorpach go gníomhach ar thóir na síochána sna tíortha Afracacha uile a bhfuil coimhlintí ar siúl iontu, agus san áireamh trí chomhphairtaíocht leis an Aontas Afracach. Neartaigh agus leathnaigh caidreamh déthaobhach le tíortha aonair san Afraic mar a bhfuil ionadaíocht againn maraon leis na tíortha Afracacha sin atá á saoradh ó choimhlint agus dá ndearna Éire beart gníomhach, agus tréimhse ár nUachtaránachta san áireamh, ar son na síochána.

2. Cothaigh agus forbair na cláir reatha chomhoibriú forbartha leis na sé thír chláir

An Áise / An Aigéine

Cuspóir: *Leathnaigh agus neartaigh caidreamh polaitiúil na hÉireann le tíortha i réigiún na hÁise, agus déan cion chun próisis iltaobhacha i réigiún na hÁise a neartú*

Straitéis:

1. Bainistigh go héifeachtach caidreamh déthaobhach agus, san áireamh, trí bhaint níos mó a chleachtadh leis an réigiún agus trí fheidhmiú go leanúnach Stráitéis na hÉireann san Áise, agus neartaigh leibhéal na gníomhaíochta i gcaidreamh an AE leis an Áise, le tríú tíortha aonair, agus trí idirghníomhaíocht le heagraíochtaí réigiúnacha agus idir-réigiúnacha amhail ASEM, ASEAN agus SAARC

Oirthear na hEorpa, an Cugas Theas agus an Áise Láir

Cuspóir: Forbair caidreamh le tíortha in Oirthear na hEorpa, atá lasmuigh den AE méadaithe, sa Chugas Theas agus san Áise Láir, d'fhonn cobhsaíocht, daonlathas, cearta an duine agus fás eacnamaíoch a chur chun cinn

Straitéis:

1. Cuir le forás chaidreamh an AE leis na tíortha seo, doimhnigh caidreamh déthaobhach agus gníomhaigh d'fhonn ról an ESCE a chothú, go háirithe i réimsí chearta an duine, an daonlaithe agus cosc ar coimhlintí

Na Balcáin Thiar

Cuspóir*: Cuir le forbairt na síochána, na slándála agus na cobhsaíochta sna Balcáin Thiar, go déthaobhach agus trínár ngnóthaí iltaobhacha*

Straitéis:

1. Oibrigh le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí eile chun comhtháiteacht agus infheictheacht na n-eilimintí éagsúla de láithreacht agus ghníomhaíocht na hÉireann sna Balcáin Thiar

Próiseas Síochána an Mheán-Oirthir:

Cuspóir: *Éascaigh glacadh le chur chuige agus le feidhnmiú "léarscáil bóithre" an Cheathairéid i bPróiseas Síochána an Mheán-Oirthir*

Straitéis:

1. Oibrigh lenár gcomhpháirtithe san AE agus leis an gcomhluadar idirnáisiúnta chun móiminteam Phróiseas na Síochána a athnuachan agus a luasghéarú

Cobhsaíocht na Murascaille

Cuspóir: *Cuir le hathbhunú na síochána agus na slándála sa réigiún, agus spreag fás institiúidí an daonlathais*

Straitéis:

1. Cuir iarrachtaí chun cinn chun cobhsaíocht agus slándáil a bhaint amach sa réigiún, ag tógáil ar na dúshraitheanna a leagadh síos le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, nuair a glacadh le Comhpháirtíocht Straitéiseach an AE le haghaidh na Meánmhara agus an Mheánoirthir agus le Straitéis Meántéarma an AE don Iaráic

Meiriceá Thuaidh

Cuspóir: *Doimhnigh a thuilleadh dlúthchaidreamh déthaobhach na hÉireann leis na Stáit Aontaithe agus le Ceanada agus cuir le forbairt caidrimh AE-Thrasatlantaigh*

Straitéisí:

1. Tóg ar na cruinnithe mullaigh rathúla AE-SA agus AE-Ceanada a tionóladh le linn Uachtaránacht na hÉireann d'fhonn ár ndlúthchaidreamh leis na Stáit Aontaithe agus Ceanada a dhoimhniú

2. Cuir leis an dialóg thrasatlantach AE-SA a neartú agus a dhoimhniú maidir le gach ceist pholaitiúil agus eacnamaíoch

3. Cuir le forbairt a thuilleadh an chaidrimh AE-Ceanadaigh

Meiriceá Laidineach agus an Chairib

***Cuspóir**:* - *Forbair a thuilleadh caidreamh na hÉireann le tíortha Mheiriceá Laidinigh agus na Cairibe*

- *Cuir le forbairt chaidreamh an AE le tíortha Mheiricea Laidinigh agus le heagraíochtaí réigiúnacha*

Straitéisí:

1. Neartaigh ár gcaidreamh détaobhach le tíortha tábhachtacha i Meiriceá Laidineach agus sa Chairib

2. Tóg ar an gcruinniú mullaigh rathúil AE-Mheiriceá Laidinigh agus na Cairibe (EULAC) a tionóladh le linn Uachtaránacht na hÉireann chun lánréimse de theagmhálacha déthaobhacha a chur chun cinn go gníomhach, agus orthu trí mhalartú cuairteanna ag leibhéal Ceann Stáit agus Aire agus trínár Misin

3. Saothraigh ar mhaithe le toradh rathúil ar an gcéad Chruinniú Mullaigh EU-LAC i Vín in 2006, ar bhonn comhluachanna daonlathais agus chearta an duine agus ar bhonn chuspóirí na forbartha eacnamaíche, comhtháthú sóisialta agus an iltaobhachais éifeachtaigh

Príomhthascairí Feidhmíochta

1. An méid a bhfuil polasaí eachtrach na hÉireann le sonrú ar thorthaí a rannpháirtíochta i bhfóraim idirnáisiúnta

2. Na socruithe tadhaill agus comhordaithe a fheabhsú lenár Misin thar lear, le Ranna eile, le Gníomhaireachtaí Stáit agus le comhlachtaí ábhartha eile, chun a chinntiú go ndéantar freastal fiúntach ar shainleasanna na hÉireann i gcomhlachtaí idirnáisiúnta agus chun cur i bhfeidhm cinntí, rúin agus comhaontuithe na gcomhlachtaí seo a éascú

3. Caighdeán, tráthúlacht agus cruinneas na dtuairiscí agus an ábhair fhaisnéise

4. Sainleasanna Eacnamaíocha Eachtracha na hÉireann a Chur ar Aghaidh

Toisc go bhfuil ceann de na geilleagair is oscailte ar domhain againn, tá Éire ag brath ar an gcomhshaol trádála agus infheistíochta domhanda a bheith léirscaoilte agus cobhsaí. Beidh ceangal dlúth feasta idir ár bhfás eacnamaíochta agus fás eacnamaíoch an domhain, agus sinn i dtuilleamaí rochtain bhreise ar mhargaí idirnáisiúnta. Beidh ról tábhachtach ag infheistíocht dhíreach ón iasacht i leith rathúnas na hÉireann.

Cuspóir: *Tóraigh sainleasanna eacnamaíocha agus tráchtála na hÉireann thar lear, trí úsáid a bhaint as acmhainní ár ngréasáin taidhleoireachta i ndlúth-chomhar le Ranna agus le Gníomhaireachtaí Stáit eile agus leis an earnáil phríobháideach*

Straitéisí:

1. Cothaigh agus forbair dea-chaidreamh eacnamaíoch le tíortha ar leith trí chuairteanna Airí, chuairteanna oifigiúla agus theagmhálacha ardleibhéil eile

2. Cabhraigh le comhaontuithe de chineál eacnamaíoch a dhéanamh, mar shampla, faoi chánachas dúbailte, aeriompar, eolaíocht agus theicneolaíocht, TF agus r-thráchtáil agus oideachas

3. Neartaigh a thuilleadh ról tacaíochta na Roinne agus na Misean thar lear i gcúrsaí gnó, trí dhianchomhar le Gníomhaireachtaí Stáit, le comhlachtaí trádála atá ag cothú easpórtálacha, agus le Ranna eile

4. Cuir go héifeachtach le hathbhreithniú ar pholasaí agus le feidhmíocht an Choiste um Thuilleamh Eachtrach agus an Fhóraim Chomhairligh Trádála

5. Cinntigh go bhfuil cóir éifeachtach ar ár Misin chun tacú le cúrsaí gnó, trí fhaisnéis threorach a sholáthar go rialta ar shainleasanna agus ar thosaíochtaí eacnamaíocha na hÉireann agus trí sheimineáir bhliantúla trádála don fhoireann thar lear

6. Cabhraigh lenár Misin chun Fundúireacht Eolaíochta na hÉireann agus an tír féin mar lárionad taighde, forbartha agus ardteicneolaíochta a chur chun cinn

7. Dírigh ach go háirithe ar réimsí den gheilleagar a bhféadfadh an Roinn an cúnamh is mó a sholáthar dóibh – iad a shainaithint i gcomhairle le Ranna eile, go háirithe leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, agus leis na Gníomhaireachtaí Stáit freisin

8. Saothraigh chun rochtain ar mhargaí idirnáisiúnta d'easpórtálacha de dhéantús Éireannach, do sheirbhísí agus do tháirgí bia lena n-áirítear mairteoil, a chothú agus a leathnú

Cuspóir: *Cuir béim ar leith ar na margaí borracha nua le haghaidh earraí agus seirbhísí Éireannacha san Áise, i Meiriceá Laidineach, san Eoraip Thoir agus sa Mheán-Oirthear*

Straitéisí:

1. Oibrigh le Rann Rialtais eile, le Gníomhaireachtaí Stáit, leis an earnáil phríobháideach agus lenár Misin thar lear chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm spriocanna agus cuspóirí na chéad chéime eile de Straitéis na hAise

2. Déan dlúthchomhordú le haon ghrupaí straitéise eile réigiúnacha a bhíonn ann amach anseo

3. . Cuidigh freisin le cláir chun feasacht a mhéadú in Oirthear na hEorpa

4. Cuidigh le hobair an ghrúpa maoirseachta ardleibhéil atá ceaptha faoin gcéad chéim eile de Straitéis na hÁise, chun a chinntiú go mbíonn anb straitéis i dtiúin go leanúnach le dinimicí mhargadh na hÁise.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Éifeacht iarrachtaí an Rannáin chun rochtain ag easpórtálacha na hÉireann ar mhargaí, go háirithe ar mhargaí nua atá á nochtú, a chothú agus a leathnú

2. Feidhmiú rathúil éifeachtach maidir le struchtúir agus próisis chomhordaithe le Ranna agus gníomhaireachtaí eile d'fhonn ról tacaíochta na Roinne i gcúrsaí gnó a neartú a thuilleadh

3. An líon conarthaí eacnamaíocha / trádála nua atá sínithe le príomh-chomhpháirtithe na hÉireann agus an líon cuairteanna thar lear a raibh comhpháirt eacnamaíoch ag baint leo

4. Caighdeán agus minicíocht na dtuairiscí agus an ábhair faisnéise a ullmhaítear

5. Na socruithe nua eagrúcháin atá cruthaithe chun an éifeachtúlacht i bhfeidhmiú na Rannóige a fheabhsú

6. An méid a rinneadh chun margaí breise a oscailt do mhairteoil na hÉireann

5. Comhoibriú Forbartha

Is i an tosaíocht gan chuntar atá ag an bpolasaí um chomhoibriú forbartha ná an bochtaineas, an éagothroime agus an eisiatacht a laghdú i dtíortha i mbéal forbartha. Cuimsíonn an polasaí an réimse leathan de shaincheisteanna trádála, infheistíochta agus eile a mbíonn tionchar acu ar thíortha forbraíochta. Is é is ciall le cúnamh forbartha an tacaíocht a thugann tíortha forbartha do thíortha forbraíochta. Tá Éire tiomanta sprioc na NA maidir le cúnamh forbartha oifigiúil (CFO) de 0.7% den OTN a bhaint amach. Is é an buiséad do 2005 ná €545m agus caithfear €1.8 billiún ar CFO sna trí bliana 2005–2007. Cinnteofar leis seo go ndéantar tuilleadh dul ar aghaidh chun sprioc na NA a shroichint.

Cuspóir: *Clár Cúnaimh Éireann a riaradh de réir na gcaighdeán is airde den sárchleachtas idirnáisiúnta*

Straitéisí:

1. Scríobh agus foilsigh Páipéar Bán ar pholasaí Comhoibrú Forbartha, tar éis comhchomhairliúchán leathan

2. Comhoibrigh le heagraíochtaí iltaobhacha agus le deontóirí eile chun na sárchleachtais idirnáisiúnta a shainaithint agus a mhacasamhlú in imeachtaí Chomhoibriú Éireann

3. Cinntigh go bhfuil caighdeáin chomhsheasmhacha ag baint leis na heilimintí éagsúla de chlár Chomhoibriú Éireann

4. Déan na gníomhaíochtaí is gá le haghaidh leathnú an chláir, agus déan iad a phleanáil agus a fheidhmú faoi réir na bhfaomhuithe riachtanacha agus an mhéadaithe phleanáilte sa bhuiséad.

5. Cothaigh dianphróiseas measúnachta d'fhonn a bheith ag síorthóraíocht feabhsuithe ar an éifeacht agus an éifeachtúlacht i bhfeidhmiú an chláir

6. Cothaigh na caighdeáin is airde cuntasaíochta airgeadais agus cinntigh uasluach ar airgead

Cuspóir: *Cuir go héifeachtach leis na hiarrachtaí chun comhtháiteacht agus tionchar an chomhoibrithe fhorbartha idirnáisiúnta a mhéadú*

Straitéisí:

1. Cinntigh go bhfuil uaschomhtháiteacht sa pholasaí eachtrach foriomlán maraon le dlúth-chomhordú leis na páirtithe uile, sa bhaile agus thar lear, sna hiarrachtaí forbartha

2. Cinntigh go bhfuil an cúnamh seachtrach ag teacht go dlúth le straitéisí agus le cláir na dtíortha forbraíochta

Cuspóir: *Oibrigh go dlúth le ENR na hÉireann agus le heagraíochtaí misinéireachta, agus tacaigh leo chun a ról rí-thábhachtach maidir le cabhair forbartha a chur i gcrích*

Straitéisí:

1. Tóg ar an traidisiún, atá ann le fada, oibriú i gcomhpháirt leis na hENR - Éireannacha, Idirnáisiúnta agus dúchasacha - agus le daoine aonair agus eagraíochtaí atá tugtha don fhorbairt

2. Cuir le ról na sochaí sibhialta a neartú i dtíortha forbraíochta

3. Déan monatóireacht ar mhaoiniú ilbhliantúil chlár na nENR agus ar an tacaíocht d'obair fhorbraíochta misinéireachta

4. Neartaigh feasacht an phobail agus a n-úinéireacht ar an gClár Comhoibrithe Forbartha, trí pholasaí cuí cumarsáide a fhorbairt do chlár CFO chun a chinntiú go mbíonn lántuiscint ag an bpobal ar scála an tiomantais agus ar an mbealach ina gcaitear an maoiniú

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Éifeacht na socruithe chun Clár Comhoibrithe Éireann a fheidhmiú

2. Foilsiú an Pháipéir Bháin ar pholasaí um Chomhoibriú Forbartha tar éis comhchomhairliúchan leathan

3. Caighdeán agus éifeacht na bpróiseas monatóireachta agus measúnaithe

4. An úsáid a baintear as fóraim idirnáisiúnta chun polasaí Chomhoibriú Forbartha na hÉireann a chur chun cinn

5. Tíortha breise á gclúdach ag Clár Déthaobhach Chomhoibriú Forbartha na hÉireann

6. Socruithe comhordaithe níos fearr á gcur i bhfeidhm le Ranna eile agus le gníomhaireachtaí um fhorbairt

7. Méadú ar fheasacht agus ar thachaíocht do Chlár Chomhoibriú Forbartha na hÉireann

6. Seirbhísí Consalachta agus Pasanna

Mar fhreagra ar an éileamh méadaithe ar phasanna le blianta beaga anuas, agus ar an ngá atá le caighdeáin níos airde slándála agus ar an dualgas atá orainn Seirbhís Scothchaighdeáin don Chustaiméir a sholáthar, tá Oifig na bPasanna faoi láthair i mbun córas eisiúna na bpasanna a nuachóiriú. Tá seo á dhéanamh i gcomhthéacs chlár leathan na Státseirbhíse le haghaidh r-Rialtais,agus ar deireadh chun tacú le soláthar seirbhísí ar-líne do phasanna. Thosaigh feidhmiú an chórais nua ar 29 Samhain 2004 agus táthar ag súil go gcuirfear é i gcrích go hiomlán faoi Earrach 2005.

Tá scúdú á dhéanamh freisin ar na riachtanais a bhaineann le pasanna bithmhéadracha a thionscnamh, chun cloí le riachtanais na SA agus ábhar nua reachtaíochta an AE. Tá i gceist tuilleadh dul chun cinn air seo a dhéanamh in 2005.

Cuireann na Seirbhísí Consalachta, trí Mhisin na hÉireann thar lear, raon seirbhísí ar fáil a bhaineann le cearta dlíthiúla agus leas fisiciúil shaoránaigh na hÉireann atá ar cuairt nó ina gcónaí i dtíortha eile. Próiseálann siad, freisin, iarratais ar shaoránacht Éireannach atá bunaithe ar phósadh nó ghinealach, agus tugann siad dleathacht do dhoiciméid. Bíonn an t-éileamh ar sheirbhísí consalachta ag méadú i gcónaí de réir mar a bhíonn níos mó Éireannach ag taisteal thar lear.

Eisíonn na Seirbhísí Consalachta, freisin, víosaí do náisiúnaigh iasachta ar mian leo cuairt a thabhairt ar Éirinn. Tá síormhéadú ar líon na náisiúnach ó thíortha eile a thaistealaíonn go hÉirinn ar son fostaíochta, gnó, staidéir nó saoire. Táimid mionnaithe, mar aon leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, seirbhís eisiúna víosaí a sholáthar a bheidh éifeachtach agus áisiúil d'úsáideoirí. Oibrímid go dlúth freisin leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun víosaí saothair agus údaraithe saothair a eisiúint do neamh-náisiúnaigh a thagann go hÉirinn chun obair i sainchatagóirí áirithe fostaíochta.

Cuspóir: *Seirbhís Pasanna ardchaighdeáin a sheachadadh don phobal*

Straitéisí:

1. Críochnaigh cur i bhfeidhm chórais nua uathoibrithigh eisiúna pasanna faoi Earrach 2005

2. Oibrigh le tionscadal REACH agus le gníomhaireachtaí eile chun rochtain ar sheirbhísí pas ar-líne a sholáthar

3. Lean leis an obair chun pasanna bithmhéadracha a fhorbairt

---

Cuspóir: *Soláthraigh seirbhís ardchaighdeáin consalachta do shaoránaigh Éireannacha*

Straitéisí:

1. Oibrigh go dlúth le Misin na hÉireann thar lear agus, nuair is cuí, le Misin Bhallstáit eile an AE, lena chinntiú go mbíonn freagairt lánéifeachtach ar riachtanais shaoránaigh Éireannacha thar lear.

2. Soláthraigh faisnéis níos cuimsithí agus níos nua-aoisí faoi sheirbhísí consalachta, lena n-áirítear comhairle taistil

3. Tabhair ar aghaidh chun críche comhaontuithe déthaobhacha le tíortha roghnaithe faoi aistriú príosúnach, i gcomhairle le Misin thar lear agus leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Cuspóir: *Soláthraigh seirbhís éifeachtach víosaí do dhaoine a thaistealaíonn go hÉirinn, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí*

Straitéis:

1. Feidhmigh, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, tionscadal chun an tseirbhís eisiúna víosaí a nuachóiriú agus a uasghrádú chun freagairt níos gasta éifeachtaí a sholáthar d'iarratasóirí víosaí

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Na spriocanna a bhaint amach agus na caighdeáin seirbhíse a chothú atá leagtha síos i gCairt na Roinne um Sheirbhís don Chustaiméir

2. Críochnaigh cur i bhfeidhm thionscadal na bpasanna faoi dheireadh 2005

3. Críochnaigh cur i bhfeidhm thionscadal na víosaí faoi lár 2006

4. Aiseolas dearfach ó chustaiméirí sheirbhísí na bpasanna, consalachta agus víosaí

7. Seirbhísí Protacail

Tá obair an Rannáin Phrotacail dírithe ar chuairteanna Stáit agus Oifigiúla chuig agus ó Éirinn a eagrú, agus tadhall a dhéanamh le hAmbasáidí maidir le feidhmiú a Misean agus a gConsalachtaí in Éirinn. Trína chuid oibre, cuireann Prótacal le cruthú an chomhshaoil inar féidir leis an Roinn a cuspóirí polasaí a bhaint amach. Trí chuairteanna a eagrú, féilteachas a sholáthar agus an caidreamh le hAmbasáidí in Éirinn agus creidiúnaithe di a chothú, treisítear cáil na hÉireann thar lear agus cuirtear le luach ár n-iarrachtaí chun cúinsí a chruthú a chothóidh trádáil eachtrach agus infheistíocht isteach

Cuspóir: *Eagraigh cuairteanna ardleibhéil ardchaighdeáin chuig agus ó Éirinn*

Straitéisí:

1. Cordaigh agus riar cuairteanna Uachtaránacha thar lear

2. Riar cuairteanna ríthábhachtacha ag an Taoiseach thar lear, ar mhaithe le sainstraitéisí Rialtais, amhail Straitéis na hÁise

3. Pleanáil agus riar cuairteanna isteach ag Cinn Stáit agus Rialtais, Aire Eachtracha agus cuairteoirí ardleibhéil eile

4. Cabhraigh le hullmhúcháin le haghaidh cuairteanna comhaltaí den Rialtas agus den Oireachtas thar lear

5. Cinntigh soláthar d'earraí agus de sheirbhísí ardchaighdeáin, ar a n-áirítear cóiríocht, iompar, bronntanais agus lónadóireacht, le haghaidh cuairteanna Stáit agus Oifigiúla

6. Cinntigh cumarsáid éifeachtach le tríú páirtithe ábhartha – na Misin Taidhleoireachta, Áras an Uachtaráin, Roinn an Taoisigh, An Garda Síochána, Údaráis Aerfoirt, Comhlachtaí Stáit etc., i gcomhthéacs pleanála agus comhordaithe cuairteanna, d'fhonn comhordú na n-iarrachtaí a fheabhsú agus na torthaí a uasmhéadú

Cuspóir: *Cothaigh an gréasán caidrimh is gá chun feidhmiú straitéisí foriomlána na Roinne a éascú.*

Straitéisí:

1. Éascaigh feidhmiú na misean eachtrach taidhleoireachta agus consalachta in Éirinn, agus cothaigh dea-chaidreamh leo trí phribhléidí agus imdhíonachtaí cuí a chur ar fáil dóibh

2. Cinntigh go bpróiseáiltear go pras éifeachtach na ceadanna d'aerárthaí míleata ón iasacht eitilt thar Éirinn nó tuirlingt inti agus d'árthaí cabhlaigh cuairt a thabhairt ar chuanta na hÉireann

Cuspóir: *Soláthraigh seirbhís ardchaighdeáin féilteachais a thugann luach ar airgead agus a chuireann le rath na gcuspóirí seo*

Straitéisí:

1. Lean ar sheirbhís féilteachais den chaighdeán is airde is féidir a sholáthar, agus freastail ar an raon iomlán d'imeachtaí ó Dhinnéir Stáit agus Lóin Rialtais, go cruinnithe, fáiltithe, seimineáir agus lóin agus dinnéir eile a bhaineann le hobair na Roinne agus an Rialtais

2. Lean ar gach gné de na gnásanna agus próisis oibre a shruthlíniú, d'fhonn seirbhís ardchaighdeáin a chinntiú dár gcustaiméirí iasachta, a bhfuil a líon ag méadú go gasta, agus gach úsáid is féidir a bhaint as an teicneolaíocht faisnéise chun é seo a chur i gcrích

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Cuairteanna Stáit agus Oifigiúla á n-eagrú ar dhóigh atá tráthúil, éifeachtach agus éifeachtúil

2. Aiseolas dearfach á fháil ó thríú páirtithe ábhartha maidir le caighdeán na seirbhíse a chuirtear ar fáil

3. Próiseáil thráthúil éifeachtach á déanamh ar iarratais a bhaineann le himdhíonachtaí agus le pribhléidí.

8. Cultúr

Gné thábhachtach de chur chun cinn na hÉireann thar lear is ea an taidhleoireacht chultúrtha. Leis an oidhreacht shaibhir atá ag Éirinn sna healaíona, sa litríocht agus sa dearthóireacht mar chúlra aici, is trí ghréasán d'Ambasáidí na Roinne thar lear agus i gcomhar le Ranna Rialtais, comhlachtaí stáit agus daoine aonair a oibríonn an rannóg chultúrtha go príomha. Oibríonn an rannóg go dlúth leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus le Cultúr Éireann ar thionscadail chultúrtha agus ar fheidhmiú comhaontuithe cultúrtha le roinnt tíortha iasachta. Oibríonn sí leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, freisin, chun malartuithe cultúrtha thar lear a chothú agus bíonn tadhall aici le Coimisiún Fulbright maidir lena chlár faoi mhalartuithe scolártha leis na Stáit Aontaithe a riaradh. Tacaíonn an Rannóg freisin le tionscnaimh Ambasáidí chun imeachtaí cultúrtha a reáchtáil in Éirinn, ar a n-áirítear taispeántais, coirmeacha, léitheoireachtaí agus léachtaí.

Cuspóir: *Ardaigh próifíl na hÉireann trína healaíona, a litríocht agus a dearthóireacht a chur chun cinn*

Straitéis:

1. Cabhraigh le cur chun cinn chultúr na hÉireann thar lear trí thionscadail a thionscnamh agus a spreagadh, agus trí thacú le hAmbasáidí a leithéid a dhéanamh, ag baint uasleasa as na buntáistí a bhaineann lena saineolas áitiúil

---

Cuspóir: *Neartaigh caidreamh déthaobhach le tíortha eile trí naisc chultúrtha*

Straitéis:

1. Lean ar thacaíocht leis na Misin thar lear imeachtaí cultúrtha a eagrú a mhéadaíonn eolas agus meas ar chultúr na hÉireann

---

Cuspóir: *Cothaigh comhthuiscint níos fearr tríd an gcultúr*

Straitéis:

1. Feidhmigh comhaontuithe cultúir déthaobhacha le tíortha eile, i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Measúnú cáilíochtúil ar imeachtaí

2. An lucht féachana / éisteachta a sroicheadh agus an fhreagairt uathu

3. Aiseolas dearfach ó Ranna Rialtais eile, ó Chomhlachtaí Stáit agus ó dhaoine aonair

9. Seirbhísí Dlí

Tugann Rannán Dlí na Roinne faisnéis agus comhairle dlí don Aire Gnóthaí Eachtracha, go háirithe ar ábhair a bhaineann leis an dlí poiblí idirnáisiúnta, an dlí um chearta an duine agus dhlí an AE; agus déanann an Rannán ionadaíocht thar cheann na hÉireann in imeachtaí dlí idirnáisiúnta, agus i bhfóraim agus in idirbheartaíochtaí idirnáisiúnta a bhaineann le hábhair dlí idirnáisiúnta. Tá an Rannán freagracht, freisin, as comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an Stát páirteach iontu a leagan os comhair na Dála, as sonraí na gcomhaontuithe seo a chur ar fáil don phobal agus as iad a chlárú le Rúnaíocht na NA.

Cuspóir: *Cinntigh go mbeidh inchur cuí dlí ann i bhfoirmiú agus i bhfeidhmiú pholasaí eachtrach na hÉireann*

Straitéisí:

1. Déan dlúth-thadhall a chothú le hoifigigh na Roinne agus soláthraigh comhairle dlí, mar is cuí, ionas go gcuidítear le riaradh éifeachtach priacail

2. Déan tadhall mar is cuí le Ranna eile agus le hOifigí Dlí an Stáit ar ábhair dlí idirnáisiúnta

3. Glac páirt in ullmhúcháin a chumasóidh Éire chun an Conradh a dhaingniú le Bunreacht don Eoraip a bhunú

Cuspóir: *Cuir le rannpháirteachas éifeachtach na hÉireann sna fóraim dlí idirnáisiúnta*

Straitéisí:

1. Déan ionadaíocht thar cheann na hÉireann ar chomhlachtaí idirnáisiúnta mar na NA, an Tionól de pháirtithe Stáit le Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, na comhlachtaí a bunaíodh faoi Choinbhinsiún na NA ar Dhlí na Mara agus ar chomhlachtaí ábhartha Chomhairle na hEorpa agus an AE

2. Déan ionadaíocht thar cheann na hÉireann in imeachtaí os comhair Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine agus os comhair cúirteanna, binsí agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile

Cuspóir: *Poibligh faisnéis maidir le gach comhaontú idirnáisiúnta a bhfuil Éire páirteach ann*

Straitéisí:

1. Leag os comhair Dháil Éireann na comhaontuithe sin a nglacann Éire páirt iontu

2. Poibligh mar is cuí, le cabhair modheolaíochtaí comhaimseartha na teicneolaíochta faisnéise, na comhaontuithe sin a nglacann Éire páirt iontu

3. Nuair is cuí, cláraigh leis na NA na comhaontuithe idirnáisiúnta sin a nglacann Éire páirt iontu

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. An chomhairle / cúnamh dlí is gá a sholáthar go tráthúil

2. Ionadaíocht a léiríonn go éifeachtach seasamh agus sainleasanna na hÉireann i bhfóraim ábhartha

3. Dualgais / tiomantais maidir le foilsiú comhaontuithe a chomhlíonadh go tráthúil

10. Seirbhísí Corparáideacha: Bainistíocht Daonacmhainní / Bainistíocht an Athraithe agus Oiliúint

Tá cur chuige na Roinne i dtaobh bainistíocht daonacmhainní (BDA) faoi réir ghinearálta phróiseas nuachóirithe reatha na Státseirbhíse agus go háirithe faoi réir fhorálacha BDA in *Ag Coinneáil an Dul Chinn*. I Straitéis BDA reatha na Roinne, a chlúdaíonn an tréimhse 2002-2004, tá soláthar le haghaidh cur chuige níos straitéisí agus níos dírithí maidir le saincheisteanna daonacmhainní. Athbhreithneofar agus uasdátófar an Straitéis i gcomhairle le Coiste Comhpháirtíochta na Roinne chun ár dtosaíochtaí, idir reatha agus nua, thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo a chumhdach. Ar na tosaíochtaí nua beidh bainistíocht ghnéithe daonacmhainní an tionscadail chun an Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha a dhílárú go Luimneach.

Cuspóir: *Lean le feidhmiú na n-athruithe ar an bpolasaí agus ar na cleachtais DA a luaitear sa Straitéis BDA lena chinntiú go bhfuil an caighdeán agus an leibhéal acmhainní is gá ag an Roinn chun seirbhís den scoth a sholáthar*

Straitéisí:

1. Lean le cur chuige níos straitéisí a fhorbairt le haghaidh phleanáil na ndaonacmhainní, trí:

– oibriú le Seirbhís na gCeapachán Poiblí lena chinntiú go mbíonn an próiseas eacaíochta Treas Rúnaí ag réiteach le riachtanais na Roinne i dtéarmaí chaighdeán agus oiriúnacht na n-earcach nua

– fheidhmeanna áirithe bainistíochta pearsanra a chineachadh do Rannáin líne agus do na Misin

– fheabhas a chur ar na seirbhísí daonacmhainní a chuireann an Roinn ar fáil dá foireann, agus go dtacaítear leo trí chórais feabhsaithe TCF a fhorbairt

- chinntiú go gcomhlíontar na dualgais atá ann faoin reachtaíocht ábhartha um chomhionannas agus faoi reachtaíocht agus treoirlínte eile um an ionad oibre

- chúinsí agus deiseanna oibre atá áisiúil don teaghlach a chothú agus a fheabhsú

- fheidhmiú an Pholasaí nua inmheánach um Ardú Céime, a comhaontaíodh ag an gComhairle Roinne in 2004, faoina bhforáiltear go líonfar níos mó post ardú céime ar bhonn comórtas tuillteanais

2. Feidhmigh polasaí BDA ag an leibhéal Misin trí

- thacaíocht a sholáthar do bhaill foirne maidir le saincheisteanna a éiríonn as seirbhís thar lear

- thacaíocht a sholáthar do na Misin maidir le saincheisteanna a éiríonn as foireann áitiúil a fhostú thar lear

- mheicníocht a sholáthar chun déileáil le gearáin ag baill foirne áitiúla a fhostaítear inár Misin thar lear

3. Athbhreithnigh agus uasdátaigh Straitéis BDA reatha na Roinne faoi dheireadh Aibreán 2005, chun tosaíochtaí BDA, idir reatha agus nua, a chuimsiú thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo,

agus san áireamh gnáthaimh DA a leasú, de réir mar is gá, chun aire a thabhairt do na hathruithe reachtúla atá le teacht i bhfeidhm le hAcht Rialuithe na Státseirbhíse (Leasú) 2005.

4. Riar gnéithe na ndaonacmhainní a bhaineann le dílárú na Stiúrthóireachta um Chomhoibriú Forbartha go Luimneach ar an mbealach is lú a chuireann isteach ar leanúnachas cúrsaí gnó agus a aithníonn go bhfuil lárthábhacht ag saincheisteanna foirne le rath an tionscadail.

5. Riar an tionchar daonacmhainní a bheidh ar an Roinn de thoradh chlár ginearálta díláraithe na Státseirbhíse

---

Cuspóir: *Tacaigh le straitéisí agus cuspóirí gnó na Roinne a bhaint amach trí chláir oiliúna agus forbartha d'ardchaighdeán a sholáthar*

Straitéisí:

1. Feidhmigh Straitéis Oiliúna agus Forbartha na Roinne, 2004-2008

2. Forbair sainpholasaithe in 2005 maidir le hionduchtú, oiliúint teanga (an Ghaeilge san áireamh), ullmhú réamhshannta agus forbairt bainistíochta, agus maidir le hoiliúint don fhoireann ghairmiúil agus theicniúil

---

Cuspóir: *Lean le cur i bhfeidhm an chláir athraithe / nuachóirithe atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta na Roinne d'fhonn cultúr a fhorbairt atá níos oscailte, níos comhoibrithí agus níos tiomnaithe do fheidhmíocht*

Straitéisí:

1. Forbair a thuilleadh agus comhtháthaigh próiseas pleanála gnó na Roinne, go háirithe i ndáil le tuairisciú agus monatóireacht ar an dul chun cinn.

2. Lean leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) a fheidhmiú agus a threisiú saa Roinn trí

   - chomhtháthú CBFF le polasaithe agus cleachtais eile BDA a chur chun cinn

   - aiseolas aníos a chur isteach i dTimthriall CBFF 2005

   - chóras cinnteachta scothchaighdeáin a fhorbairt i rith 2005 chun a chinntiú go bhfuil CBFF á fheidhmiú go comhréireach ar fud na Roinne

3. Forbair straitéis cumarsáide inmheánaí in 2005 a sholáthróidh creat le haghaidh cumarsáide agus comhchomhairle struchtúrtha laistigh den Roinn maidir le saincheisteanna gnó agus feidhmíochta

4. Lean le "*A Positive Working Environment – the Civil Service Code on Bullying and Harassment*" a chur i bhfeidhm

---

Cuspóir: *Cuir an tionscnamh um Scothsheirbhís don Chustaiméir (SSC) chun cinn sa Roinn*

Straitéisí:

1. Comhordaigh foirmiú, forbairt agus feidhmiú polasaí SSC sa Roinn

2. Ullmhaigh Plean Gníomhaíochta nua um Sheirbhís don Chustaiméir in 2005, i gcomhairle leis an gCoiste Comhpháirtíochta

3. Forbair cairt / treoir don chustaiméir *inmheánach* le haghaidh an chleachtais is fearr faoi dheireadh 2005

4. Déan monatóireacht ar fheidhmiú na dtiomantas sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís don Chustaiméir agus sa Chairt don Chustaiméir Inmheánach

5. Déan soláthar chun forbairt a dhéanamh ar chumas na Roinne seirbhísí trí Ghaeilge a thairiscint don chustaiméir, chun forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chomhlíonadh

---

Cuspóir: *Forbair a thuilleadh próiseas na Comhpháirtíochta laistigh den Roinn*

Straitéisí:

1. Lean leis an bhforbairt ar ról na Comhpháirtíochta, go háirithe i dtaca le tionscnaimh nuachóirithe a fhoirmiú agus a fheidhmiú

2. Athbhreithnigh agus uasdátaigh, trí Chomhpháirtíocht, Plean Gníomhaíochta Nuachóirithe na Roinne faoi dheireadh Mheán Fómhair 2005

3. Lean le tacaíocht a thabhairt d'fheidhmiú na gcoistí comhpháirtíochta áitiúla laistigh den Roinn agus scrúdaigh an féidir breis coistí áitiúla a bhunú

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Na polasaithe agus na geallúintí sa Straitéis um Bhainistíocht Daonacmhainní curtha i bhfeidhm go héifeachtach

2. Beart déanta faoi na spriocdhátaí sainithe

3. Bainistíocht éifeachtach déanta ar ghnéithe daonacmhainní dhílárú na Stiúrthóireachta um Chomhoibriú Forbartha go Luimneach; bailchríoch déanta ar an tionscadal in am agus lena laghad cur isteach ar phróisis ghnó na Roinne

4. Feabhas curtha ar raon agus chaighdeán na seirbhísí a sholáthraíonn an Roinn dá custaiméirí inmheánacha agus seachtracha tríd an dá theanga oifigiúla

5. Feabhas curtha ar raon agus chaighdeán na gclár oiliúna agus forbartha, le fócas ar chuspóirí ghnó na Roinne a chomhlíonadh agus ar fheidhmíocht foirne a fheabhsú

6. Raon na saincheisteanna a cuireadh chun cinn trí phróiseas na Comhpháirtíochta, agus an méid dul chun cinn a rinneadh

11. Seirbhísí Corparáideacha: Seirbhísí Airgeadais agus Bainistíochta, an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cóiríocht

Is gné chriticiúil de bhainistíocht inmheánach na n-acmhainní í bainistíocht a dhéanamh ar chaiteachas na Roinne sa tslí is cumasaí agus is costéifeachtaí. Tá Creat na Bainistíochta Faisnéise, atá mar chuid de chlár athchóirithe na státseirbhíse, ina phríomhghné den iarracht chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní.

Chun go mbainfear amach cuspóirí straitéiseacha na Roinne is gá a chinntiú go mbaineann éifeacht le bainistíocht, seachadadh, stóráil agus aisghabháil na n-acmhainní faisnéise. Na hAonaid chomhtháite um Shaoráil Faisnéise/Chomhordú, an Chlárlann, an Chartlann, an Leabharlann, agus Aonaid an tSuímh Ghréasáin agus Faisnéise, leanfaidh siad a chinntiú go sásaítear forálacha reachtaíochta agus riachtanais faisnéise na Roinne.

Beidh feidhmiú Phlean Straitéiseach TFC na Roinne sna blianta romhainn ina ghné chriticiúil den iarracht chun cuspóirí polasaí na Roinne a bhaint amach agus Plean Gníomhaíochta na Sochaí Faisnéise a chur chun cinn.

Leanann sé mar thosaíocht go gcuirtear dea-thimpeallacht oibre ar fáil don fhoireann. Is é an cuspóir foriomlán go mbeidh an chóiríocht go léir sa Cheannáras agus thar lear de réir na gcaighdeán is airde is féidir, agus ag cur san áireamh sábháilteacht agus riachtanais na foirne agus na gcuairteoirí, agus daoine le míchumais freisin.

Cuspóir: *Déan pleanáil, buiséadú, rialú agus cuntasaíocht i leith na n-acmhainní airgeadais atá de dhíth ar an Roinn chun cuspóirí a heagraíochta a bhaint amach, a feidhmeanna gnó a riaradh, agus an luach is fearr ar airgead a fháil*

Straitéisí:

1. Riar córas buiséadaithe agus cuntasaíochta na Roinne, faoi réir ghnáthaimh airgeadais an Rialtais agus an chleachtais is fearr, lena chinntiú go bhfuil smachtanna a dhóthain ann ar úsáid acmhainní airgeadais agus chun an t-uasluach a fháil ar airgead
2. Feidhmigh na heilimintí deiridh de Chreat na Bainistíochta Faisnéise
3. Déan athbhreithniú agus treisiú ar chóras smachtanna inmheánacha airgeadais na Roinne chun creat láidir cuntasachta a chinntiú
4. Déan athbhreithnithe caiteachais ar na príomhchláir agus i réimsí eile, lena chinntiú gur baineadh amach príomhchuspóirí agus luach ar airgead
5. Athbhreithnigh agus feidmhigh go leanúnach Clár Bainistíochta Priacail na Roinne

---

Cuspóir: *Forbair agus feidhmigh córais bainistíochta, stórála, aisghabhála agus seachadta faisnéise ar bhonn leanúnach éifeachtach d'fhonn riachtanais ghnó na Roinne a fhreasta*

Straitéisí:

1. Cothaigh córas bainistíochta faisnéise/doiciméad atá comhtháite slán agus a chuireann ar chumas na Roinne a riachtanais reactúla a fhreastal agus faisnéis a fháil, a eagrú, a stóráil, agus a aisghabháil go héifeachtach éifeachtúil

2. Cothaigh agus forbair suíomh gréasáin na Roinne agus forbair suímh ghréasáin Mhisin

---

Cuspóir: *Déan soláthar do Shláinte agus do Shábháilteacht na foirne uile de réir an Achta um Shábháilteacht, Shláinte agus Leas ag an Obair, 1989*

Straitéisí:

1. Uasdátaigh Ráiteas Sábháilteachta na Roinne agus coinnigh dlúth-thadhall le Coiste Sláinte agus Sábháilteachta na Roinne

2. Cinntigh oiliúint chuí don fhoireann ar shaincheisteanna Sláinte agus Sábháiltleachta

3. Tabhair cuidiú agus comhairle do mhisin thar lear chun Pleananna Teagmhasacha a cheapadh le haghaidh ócáidí éigeandála, agus ionsaithe sceimhlitheoirí san áireamh

---

Cuspóir: *Tabhair comhairle agus tacaíocht atá dea-dhírithe agus tráthúil maidir le gníomhaíochtaí na Roinne faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003 (Achtanna SF)*

Straitéisí:

1. Glac páirt éifeachtach i gcúrsaí oiliúna inmheánacha agus ionduchtaithe

2. Freastail ar chruinnithe idir-ranna ar bhonn leanúnach chun an t-eolas is déanaí ar fhorbraíochtaí a chinntiú

3. Leasaigh agus uasdátaigh Lámhleabhar Mhíreanna 15 agus 16 na Roinne agus Lámhleabhar na Roinne um Ghnáthaimh Saorála Faisnéise

---

Cuspóir: *Cuir Éire chun cinn thar lear*

Straitéisí:

1. Foilsigh agus scaip faisnéis ar ghnéithe d'Éirinn (e.g. Bileoga Faisnéise, Sonraí i dtaobh na hÉireann, Éire go hachomair)

2. Bain úsáid níos fearr as suímh ghréasáin na Roinne agus na Misean chun faisnéis faoi Éirinn a scaipeadh

---

Cuspóir: *Feidhmigh Plean na Roinne um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide chun tacú le riachtanais ghnó na Roinne*

Straitéisí:

1. Feidhmigh na tionscadail a sainaithníodh i bPlean Straitéise na Roinne um TFC i gcomhar le Rannóga, Rannáin agus Misin, mar chustaiméirí inmheánacha

2. Tacaigh, cothaigh agus forbair an bonneagar TFC atá ann faoi láthair sa Cheannáras agus sna Misin

3. Déan monatóireacht ar éifeacht agus éifeachtúlacht chórais teileafóin na Roinne

4. Oibrigh le Rannóga agus Misin chun feidhmeanna TFC a sholáthar a dhíríonn ar chúrsaí gnó

5. Tabhair comhairle ar thionscnaimh na Sochaí Faisnéise agus r-Rialtais

6. Tacaigh le, cothaigh agus forbair córais chumarsáide le heagraíochtaí idirnáisiúnta

7. Cinntigh go bhfuil na scileanna is gá ag an bhfoireann chun tairbhe a bhaint as na háiseanna TF agus cumarsáide atá ar fail

---

Cuspóir: *Soláthraigh timpeallacht mhaith chun oibre don fhoireann, agus comhlíon na tiomantais atá i bPlean Gníomhaíochta na Roinne um Sheirbhís don Chustaiméir, go háirithe maidir le riachtanais daoine le míchumais*

Straitéisí:

1. Pleanáil agus feidhmigh, le hOifig na nOibreacha Poiblí, clár athchóirithe agus uasghrádaithe do Theach Uíbh Eachach agus d'fhoirgnimh eile; agus faigh dóthain spás oifige chun freastal ar riachtanais na Roinne ag an gCeannáras

2. Soláthraigh agus cothaigh cóiríocht oiriúnach shlán dár Misin thar lear

3. Lean ar an gcuartú le haghaidh cóiríocht oiriunach i Luimneach don Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, d'fhonn sprioc díláraithe na Stiúrthóireachta a chomhlíonadh sa chéad ráithe de 2007

4. Imscrúdaigh, leis na Ranna Stáit agus Gníomhaireachtaí cuí, an féidir maoin a cheannach ar bhonn costsochair

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Comhlíon na spriocdhátaí chun athbhreithnithe agus tionscadail a chríochnú

2. Uasghrádú leanúnach chórais r-phoist na Roinne ag Misin

3. Líonra Leathancheantair na Roinne (*WAN*) a shíneadh chuig na Misin go léir

4. Feidhmiú leanúnach an athraithe ar Chóras Bainistíochta Faisnéise le haghaidh chleachtais cuntasaíochta na Roinne

5. Cinntigh go gcomhlíontar go leanúnach na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 agus reachtaíocht ábhartha eile

6. Coinnigh a dhóthain de stoic d'ábhar faisnéise chun an t-éileamh a shásamh

7. Cothaigh suíomh gréasáin feidhmeach a chloíonn le caighdeáin idirnáisiúnta inrochtana

12. Cigireacht agus Iniúchadh Inmheánach

Déanann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí scrúdú córasúil ar fheidhmiú na Misean thar lear, lena chinntiú go bhfuil acmhainní na Roinne á n-úsáid chomh héifeachtach táirgiúil agus is féidir, de réir straitéis ghinearálta na Roinne.

Déanann an tAonad freisin iniúchadh inmhéanach neamhspleách. Cónaiscfear an fheidhm seo go luath leis an Aonad Measúnaithe agus Iniúchóireachta sa Stiúrthóireacht um Chomhoibriú Forbartha i dtreo is go mbeidh aon Aonad Iniúchóireachta amháin ag an Roinn, faoi mar a mhol an Coiste Iniúchóireachta seachtrach.

Cuspóir: *Cinntigh go bhfeidhmíonn an Ceannáras agus na Misin thar lear de réir riachtanais na Roinne, agus go bhfuil tóir éifeachtach éifeachtúil acu ar chuspóirí polasaí, de réir Ráitis Straitéise na Roinne*

Straitéis:

1. Tabhair cuairteanna cigireachta agus tacaíochta ar Mhisin, déan monatóireacht ar fheidhmiú moltaí na dtuairiscí cigireachta gach sé mhí, agus fostaigh speisialtóirí de réir mar is gá

Cuspóir: *Cinntigh éifeacht agus éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánach laistigh den Roinn*

Straitéis:

1. Tabhair faoi chlár iniúchta inmheánaigh i gcomhairle le Coiste Iniúchóireachta na Roinne, le cabhair speisialtóireachta nuair is gá.

Cuspóir: *Cinntigh go gcloítear le cuspóirí iniúchóireachta thuarascáil Mullarkey ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe*

Straitéis:

1. Athbhreithnigh mar is gá feidmhiú moltaí Mullarkey, agus san áireamh na cinn a bhaineann le straitéis phriacail na Roinne, i gcomhairle le Coiste Iniúchóireachta na Roinne

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Líon na gcuairteanna cigireachta agus na n-iniúchtaí a tugadh chun críche

2 Caighdeán na dtuairiscí

3 Feidhmiú na moltaí go héifeachtach, tráthúil

4 Rialuithe inmheánacha níos fearr bunaithe, d'fhonn priacail gnó a laghdú

13. Preas

Tá dualgas ar an Roinn eolas a chur ar fáil do na meáin bhaile agus idirnáisiúnta maidir le forbairtí ar pholasaí eachtrach na hÉireann.

Cuspóir: *Oibrigh leis na meáin sa bhaile agus go hidirnáisiúnta chun a dtuiscint ar pholasaí eachtrach na hÉireann agus ar chur chuige an Rialtais maidir le Tuaisceart Éireann a threisiú*

Straitéisí:

1. Cuir polasaí eachtrach an Rialtais in iúl do na meáin

2. Socraigh ócáidí faisnéithe na meán / deiseanna preasa don Aire agus d'Airí Stáit ar ábhair polasaí

3. Tabhair freagraí ar fhiosruithe na meán maidir le polasaí eachtrach na Roinne agus le gnéithe d'obair na Roinne, agus ceartaigh earráidí nuair is ann dóibh

---

Cuspóir: *Cuir feasacht faoi Éirinn chun cinn thar lear, agus faoina héachtanna, ag tógáil go háirithe ar an rath a bhí ar Uachtaránacht an AE*

Straitéisí:

1. Ar mholtaí ó na Misin, agus i gcomhar le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Stáit, eagraigh cuairteanna cur in aithne ar Éirinn do phearsanra na meán eachtrach

2. Éascaigh socruithe maidir leis na meáin i dtaca le cuairteanna oifigiúla agus Stáit thar lear, de réir mar is cuí

3. Déan monatóireacht ar thuairisciú na meán idirnáisiúnta ar Éirinn agus comhordaigh aon fhreagairt is gá

4. Uasmhéadaigh tuairisciú dearfach idirnáisiúnta na meán ar mhóreachtraí agus ar fhorbairtí polasaí phoiblí in Éirinn

5. Uasmhéadaigh úsáid éifeachtúil na meán as suíomh gréasáin na Roinne

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Caighdeán, cruinneas agus tráthúlacht na faisnéise a sholáthraítear

2. Riar éifeachtach ar dheiseanna preasa agus caighdeán an tuairiscithe a fuarthas

3. Tuairisciú dearfach idirnáisiúnta ó na meáin idirnáisiúnta tar éis cuairteanna isteach acu agus aiseolas dearfach ó lucht meáin atá ar cuairt isteach

14. Tacaíocht d'Eisimircigh Éireannacha

Tá Aonad na nÉireannach Thar Lear freagrach as tionscnaim a chur chun cinn atá tógtha ar Thuarascáil an Tascfhórsa um Polasaí i leith Eisimirceach. Feidhmíonn an tAonad chun breis comhair a spreagadh idir na comhpháirtithe go léir, in earnálacha Rialtais agus deonacha, le comhtháiteacht agus éifeacht a ngníomhachtaí a threisiú. Tá an tAonad freagrach as riaradh na tacaíochta airgid a thugann an Roinn do na heagraíochtaí deonacha atá i mbun seirbhísí a sheachadadh d'eisimircigh Éireannacha, go háirithe dóibh siúd is mó is so-leointe agus ar an imeall. San áireamh freisin i dtéarmaí tagartha an Aonaid tá naisc a neartú le hÉireannaigh agus le daoine de bhunadh Éireannach atá ina gcónaí thar lear.

Cuspóir: *Comhordaigh soláthar tacaíochta an Rialtais d'eisimircigh Éireannacha, do dhaoine atá ag smaoineamh ar dhul ar imirce, agus do dhaoine ar mian leo filleadh go hÉirinn*

Straitéisí:

1. Athbhreithniú leanúnach ar an dul chun cinn maidir le feidhmiú mholtaí an Tascfhórsa um Polasaí i leith Eisimirceach

2. Dlúth-thadhall agus cruinnithe rialta le Ranna Rialtais a sholáthraíonn seirbhísí a bhaineann le cúrsaí Eisimirceach

---

Cuspóir: *Oibrigh go dlúth agus tacaigh leis na heagraíochtaí deonacha a thugann cúnamh d'eisimircigh Éireannacha, do dhaoine atá ag smaoineamh ar dhul ar imirce, agus do dhaoine ar mian leo filleadh go hÉirinn*

Straitéisí:

1. Cuir chun cinn comhar níos dlúithe idir ghíomhaireachtaí Reachtúla agus Deonacha in Éirinn agus thar lear agus soláthraigh bealach éifeachtach do na gníomhaireachtaí Deonacha chun cumarsáid a dhéanamah leis an Rialtas

2. Treisigh cumas na ngníomhaireachtaí Deonacha déileáil go héifeachtach leis na húdaráis reachtúla ina dtír aíochta

3. Cinntigh go gcuirtear maoiniú chun na heagraíochtaí a thugann cúnamh d'Éireannaigh so-leointe thar lear

4. Athbhreithnigh na gnáthaimh chun deontais a íarraidh d'fhonn feabhsuithe a aimsiú agus a fheidhmiú; agus cinntigh dianphróiseas measúnaithe

---

Cuspóir: *Neartaigh naisc le hÉireannaigh agus le daoine de bhunadh Éireannach atá ina gcónaí thar lear*

Straitéisí:

1. Doimhnigh an gaol idir Éirinn agus a pobal thar lear

2. Forbair tionscnaimh a threiseoidh an saincheangal idir Éirinn agus daoine de bhunadh Éireannach atá ina gcónaí thar lear

Príomhtháscairí Feidhmíochta

1. Socruithe comhordaithe níos fearr le Ranna Rialtais eile

2. Minicíocht na gcruinnithe sa bhaile agus thar lear le comhpháirtithe san earnáil Dheonach

3. Líon na measúnaithe a cuireadh i gcrích

4. Na córais airgeadais a athbhreithníodh agus a athchóiríodh chun na leithdháiltí méadaithe a chur san áireamh

5. An t-athbhreithniú ar phróiseas iarratais ar dheontais curtha i gcrích

6. Réimse níos mó de theagmhálacha, agus san áireamh páirtithe leasmhara sna hearnálacha príobháideacha, poiblí deonacha agus oideachais

7. Téagar curtha le polasaí um idirchaidreamh idir Éireannaigh agus daoine de bhunadh Éireannach atá ina gcónaí thar lear

Aguisín

Strúchtúr na Roinne Gnóthaí Eachtracha sa Cheannáras

Diarmuid Ó hEachthairn,T.D. *Aire Gnóthaí Eachtracha*	Nollaig Ó Treasaigh, T.D. *Aire Stáit*	Conchubhar Ó Luineacháin *Aire Stáit*

Patrick Hennessy *Rumaí Cúnta*	Rannán Angla-Éireannach
Brendan Lyons *Rúnaí Cúnta*	Rannán um Chaidreamh Déthaobhach Eacnamaíoch
Ray Bassett *Rúnaí Cúnta*	Rannán Consalachta agus Pasanna
Marie Cross *Rúnaí Cúnta*	Rannán Seirbhísí Corparáideacha
(Folúntas)	Rannán Cultúir
Ronan Murphy *Ard-Stiúrthóir*	Rannán um Chomhoibriú Forbartha

Diarmaid Ó Gallchóir
Ard-Rúnaí

Dan Mulhall *Árd-Stiúrthóir*	Rannán an Aontais Eorpaigh
Patricia O'Brien *Comhairleoir Dlí*	Rannán Dlí
Rory Montgomery *Stiúrthóir Polaitaíochta*	Rannán Polaitíochta
Kathleen White *Rúnaí Cúnta* *(Ceann Prótacail)*	Rannán Prótacail
John Neary *Rúnaí Cúnta*	Aonad Cigireachta agus Iniúchóireachta Inmheánaí
Richard Moore *Comhairleoir*	Rannóg Preasa

Tá liosta iomlán d'oifigí na Roinne thar lear, agus Ambasáidí agus Consalachtaí san áireamh, le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne: www.dfa.ie